Cuntas Leithreasa 2023

# Vóta 30

# Talmhaíocht, Bia agus Mara

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 30, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus é a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

I gcomhréir leis an gceanglas sin, tá an cuntas atá faoi cheangal ullmhaithe agam le haghaidh an mhéid a caitheadh sa bhliain dár chríoch an 31 Nollaig 2023 ar thuarastail agus speansais Oifig an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, agus chun deontais agus fóirdheontas áirithe a íoc agus chun deontais áirithe a íoc faoi scéimeanna teoranta airgid thirim agus feabhsúchán Inis Sionnach.

Cuirtear olltoradh an chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna

- a bhronn Dáil Éireann faoin Acht Leithghabhála, 2023, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar chaiteachas na bliana, agus
- a soláthraíodh le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil in 2023 as leithreasaí 2022 nár caitheadh, faoi na socruithe um ghéilleadh iarchurtha a leagadh síos le halt 91 den Acht Airgeadais, 2004.

Tá barrachas de €134.257 milliún faoi dhliteanas lena ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas é ráiteas na mbeartas agus na bprionsabal cuntasaíochta agus nótaí 1 go 7.

## Ráiteas na mbeartas agus na bprionsabal cuntasaíochta

Na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe i gCiorclán 22 de 2023, cuireadh i bhfeidhm iad agus an cuntas seo á ullmhú cé is moite den mhéid seo a leanas:

***Sócmhainní caipitil***

Déantar sócmhainní i gcatagóir na mótarfheithiclí a dhímheas de réir méid cothrom i gcaitheamh a saolré úsáidí measta 10 mbliana. Leis an ráta sin léirítear cineál tionsclaíoch na sócmhainní seo.

Ní dhearnadh luachálacha maidir le talamh agus foirgnimh faoi úinéireacht an Stáit arna rialú nó arna mbainistiú ag an Roinn. Liostaítear iad sin in Aguisín A.

Is mar a leanas a measadh saolréanna úsáideacha agus rátaí amúchta gaolmhara na móraicmí sócmhainní doláimhsithe:

| *Aicme sócmhainní* | *Saolré úsáideach* | *Ráta amúchta* |
|---|---|---|
| Ceadúnais bogearraí | Téarma ceadúnais 2-10 mbliana | 50%-10% |
| Bogearraí faighte / Bogearraí forbartha | 10 mBliana | 10% |

## An ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm le háirithiú go gcaomhnaíonn agus go gcuireann an Roinn córas éifeachtach maidir le rialú inmheánach airgeadais i bhfeidhm.

Cuirim an fhreagracht seo i bhfeidhm i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus na n-oibleagáid eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le córas inmheánach maidir le rialú airgeadais ach gealltanas réasúnta agus ní gealltanas iomlán a chur ar fáil go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a cheadú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó neamhréireanna a chosc nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtacht á n-athbhreithniú i gcónaí.

***Seirbhísí comhroinnte***

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh soláthar acmhainní daonna agus seirbhísí comhroinnte párolla.

Braithim ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go gcuirtear na rialuithe cuí i bhfeidhm maidir le soláthar na seirbhísí comhroinnte don Oifig seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Tá timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm:

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal na bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun clistí suntasacha maidir le rialú a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras maidir leis an rialú inmheánach airgeadais.
- Doiciméadaíodh na nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Tá creat maidir le nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta, agus, go háirithe, lena ndeimhnítear gur fíor an méid seo a leanas:

- tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta
- bíonn athbhreithnithe rialta á ndéanamh ag lucht ardbhainistíochta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán
- tá córas bainistithe riosca ag feidhmiú taobh istigh den Roinn
- tá córais ann dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a áirithiú.

- tá treoirlínte cuí rialaithe maidir le hinfheistiú caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.

***Iniúchadh inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn ina bhfuil pearsanra atá oilte go cuí, a oibríonn i gcomhréir le cairt scríofa atá faofa agam. Tá a cuid oibre bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn nochta dóibh agus tá a pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé de sprioc ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchóireachta an fheidhm iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú ó am go chéile. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam chun a chinntiú go bhfiosraítear tuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaigh.

Tá roinnt meicníochtaí ag an Roinn chun athbhreithniú agus meastóireacht a dhéanamh ar a córais bhainistíochta agus rialaithe airgeadais ar bhonn leanúnach. Áirítear orthu sin an Grúpa Athbhreithnithe Creidiúnaithe, an Coiste Iniúchóireachta agus an córas bainistíochta riosca.

Déanann an Grúpa Athbhreithnithe Creidiúnaithe, a ndéanaimse cathaoirleacht air, athbhreithniú ar thorthaí iniúchóireachta an Aontais Eorpaigh agus déanann sé monatóireacht ar an dul chun cinn maidir le dul i ngleic le saincheisteanna rialaithe aitheanta agus maidir leis na ceanglais chreidiúnaithe a leagtar síos le rialachán do ghníomhaireachtaí íocaíochta AE a chomhlíonadh.

Tá an Roinn faoi réir raon iniúchtaí ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, ag an aonad iniúchta inmheánaigh, ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, ag an gCoimisiún Eorpach agus ag comhlacht neamhspleách deimhniúcháin – gnólacht gairmiúil cuntasaíochta – a dheimhníonn cuntais bhliantúla CERT agus CETFT. In 2023, bhí an Roinn faoi réir thart ar 2,761 lá duine iniúchta ag na comhlachtaí sin. Sholáthair mé dearbhú bainistíochta don chomhlacht deimhniúcháin maidir leis na cuntais bhliantúla AE, mar a cheanglaítear le Rialachán 2116/2021 ón gComhairle.

***Soláthar***

Cinntíonn an Roinn go leagtar an bhéim chuí ar an dea-chleachtas sa soláthar agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le cinntiú go gcloítear leis na treoirlínte agus an reachtaíocht ábhartha ar fad.

Chuir an Roinn sonraí ar fáil sa tuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/02 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe maidir le 111 conradh neamhiomaíoch.

*Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair*

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte cé is moite de 38 conradh (os cionn €25,000 gan CBL a áireamh) ar luach €2,506,237 san iomlán (gan CBL a áireamh) in 2023 mar a leagtar amach thíos:

- Dámhadh 6 gconradh ar luach €327,713 go hiomaíoch ar dtús ach sháraigh siad na tairseacha ábhartha don phróiseas iomaíoch sin dá éis sin.
- Dámhadh 12 chonradh ar luach €1,000,969 go hiomaíoch ar dtús ach tar-rolladh iad dá éis sin/leanadh d’íocaíochtaí tar éis a ndáta éaga.

- Tháinig 20 gconradh ar luach €1,177,555 chun cinn i gcás nár iarradh faomhadh *ex-ante* roimh an soláthar neamhiomaíoch.

Tá an Roinn tiomanta do leibhéal an tsoláthair neamhchomhlíonta a dhéantar a laghdú agus leanann sí de bheith ag díriú ar réimsí neamhchomhlíontachta ar bhealach pleanáilte córasach.

***Creat riosca agus rialaithe***

Leanadh ar aghaidh le forbairt agus feabhsú chóras bainistithe riosca na Roinne i gcaitheamh 2023.

- Oibríonn an Oifig Riosca, atá bunaithe sa Rannán Airgeadais, go lánaimseartha chun bainistiú gníomhach riosca a chur chun cinn agus a fhorbairt ar fud na heagraíochta. Baintear é sin amach trí mheasúnú cáilíochta ar na rioscaí ar an gclár riosca, trí thacaíocht a chur ar fáil maidir le bainistiú riosca a chur chun feidhme do bhaill foirne aonair, trí rannphháirtíocht le forbróirí an chórais eRisk chun feabhas a chur ar an gcóras eRisk agus trí Cheardlanna spriocdhírithe um Bainistiú Riosca a reáchtáil ar bhonn rannán ar rannán, ar mhaithe le dea-chleachtas a leabú i ndáil le bainistiú riosca.
- Is é an tArd-Rúnaí Cúnta a bhfuil freagracht air as rialachas agus a bhfuil ionadaíocht aige ar leibhéal na gCeann Rannáin ar fud na Roinne a dhéanann cathaoirleacht ar an gCoiste Riosca, agus tagann an Coiste le chéile ar bhonn ráithiúil agus soláthraíonn sé rialachas agus maoirseacht ar obair na hOifige Riosca.
- Tuairiscíonn an Coiste Riosca ar bhonn ráithiúil don Bhord Bainistíochta.
- Freastalaíonn an fhoireann Riosca ar Ghrúpa Líonraithe leathbhliantúil na Státseirbhíse um Bainistiú Riosca.
- Rinne an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar bheartas riosca na Roinne agus d’fhaomh é i mí Iúil 2020.
- Cuireadh nósanna imeachta ráithiúla um thuairisciú agus monatóireacht frith-chalaoise chun feidhme agus coinnítear clár calaoise sa Rannán Airgeadais.
- Rinne an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus nuashonrú ar bheartas calaoise na Roinne agus d’fhaomh é in 2022, lena gcuimsítear bearta frithchalaoise, agus cuireadh oiliúint chuí ar fáil don fhoireann uile in 2023.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a thógáil agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, nuair is ábhartha, go tráthúil. Dearbhaím go ndearnadh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara a shonrú agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnamh a shainaithnítear a thuairisciú.

***Slándáil TFC***

Tá tiomantas láidir ag an Roinn do shlándáil a córas TFC, agus tá Rannán Slándála Faisnéise tiomnaithe laistigh den chreat Faisnéise, Bainistíochta agus Teicneolaíochta (IMT) lena gcumhdaítear slándáil líonra, slándáil agus comhlíonadh faisnéise, agus cibearshlándáil. Mar fhreagra ar an méadú domhanda ar bhagairt bogearraí mailíseacha agus haiceáil ar ríomhairí, tá an

Roinn tar éis an fhoireann cibearshlándála a mhéadú. Oibríonn an fhoireann sin go réamhghníomhach lena chinntiú go bhfuil na rialuithe agus na maoluithe teicniúla ábhartha i bhfeidhm ag RTBM, agus rochtain aici ar an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála (NCSC) agus ar shaineolaithe seachtracha más gá, agus go bhfuil siad chun tosaigh maidir le baill foirne a choinneáil ar an eolas faoi na rioscaí maidir le Cibearshlándáil a bhaineann do bhaill foirne a oibríonn go cianda.

Leanann an Roinn de bheith ag neartú a seasaimh cibearshlándála trí rannpháirtíocht i Líonra Comhordaithe agus Freagartha Cibearshlándála Rialtais (CORE) an Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála (NCSC) agus trí Chaighdeáin Bhonnlíne Chibearshlándála na hEarnála Poiblí arna bhfoilsiú ag NCSC i mí na Samhna 2021 a chomhlíonadh, go háirithe trí fheabhas leanúnach a chur ar phróisis freagartha teagmhas agus trí phróisis ghnó chriticiúla a rianú ar fud gach rannáin den Roinn, rud a mhéadóidh ullmhacht na Roinne do na hoibleagáidí slándála faoin Dara Treoir NIS. Tá an Roinn réamhghníomhach freisin maidir le feasacht ar shlándáil faisnéise a chur chun cinn don fhoireann agus an oiliúint cibearshlándála éigeantach á rolladh amach aige ar bhonn leanúnach.

Tá socruithe slándála TFC faoi réir a n-athbhreithnithe ag rannóg iniúchta TF an aonaid iniúchta inmheánaigh, agus tá comhlíonadh na gCaighdeán Bonnlíne Cibearshlándála faoi réir a n-iniúchta in 2023. Chomh maith leis sin, tá an Roinn, ina ról mar ghníomhaireacht íocaíochta thar ceann an Aontais Eorpaigh, faoi réir iniúchadh creidiúnaithe bliantúil. Tá creidiúnú ag an Roinn faoin gcaighdeán idirnáisiúnta *ISO 27001: Cód Cleachtais um Bainistíocht Slándála Faisnéise*, mar bhonn faoina slándáil TF. Mar chuid den phróiseas deimhniúcháin sin, bíonn an Roinn faoi réir iniúchtaí leathbhliantúla chun comhlíonadh leanúnach chaighdeán Slándála Faisnéise ISO 27001:2013 a chinntiú. Déantar athbhreithniú neamhspleách ar na córais sin ar bhonn rialta. Tá nósanna imeachta doiciméadaithe um chúltacú/athshlánú i bhfeidhm i gcás na sonraí ríthábhachtacha uile, lena n-áirítear úsáid seirbhísí sábháilte stórála seachtracha agus saoráidí um athshlánú ó thubaiste.

***Breatimeacht***

Leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an AE-RA (TCA) déantar foráil maidir le trádáil taraife nialais cuóta nialais le haghaidh earraí cáilitheacha AE agus RA, ach tá an comhaontú teoranta ó thaobh éascú na trádála agraibhia de agus dá dhroim sin, cruthaíodh dúshláin an-mhór don earnáil agraibhia agus don Roinn. Fágann nochtadh na hearnála do mhargadh na RA, agus cineál an-chomhtháite shlabhraí soláthair na hÉireann - na RA, go bhfuil sí an-leochaileach d'éifeachtaí an Bhreatimeachta.

I mí Aibreáin 2023, agus tar éis é a chur siar cúpla uair ó dheireadh na tréimhse aistrithe don Bhreatimeacht, d'fhoilsigh Rialtas na RA Dréacht-Samhail Oibriúcháin um Sprioc Theorann na RA (BTOM) inar sonraíodh go dtabharfaí isteach ceanglais nua rialaithe allmhairithe RA do tháirgí agraibhia ón AE ón 1 Deireadh Fómhair 2023 agus i mí Lúnasa 2023, sonraíodh sa BTOM deiridh gurb amhlaidh a bheadh feidhm ag na ceanglais sin i gcás allmhairí ón AE, Éire san áireamh, ón 31 Eanáir 2024 ar aghaidh.

I gcaitheamh 2023, chomh maith leis na costais leanúnacha a bhaineann le rialuithe allmhairithe a chur chun feidhme ar allmhairí táirgí bia na RA go hÉirinn - atá i bhfeidhm ó bhí an 1 Eanáir 2021 ann - thabhaigh an Roinn costais bhreise a bhaineann leis an mBreatimeacht i leith ullmhúchán chun tacú leis an earnáil freastal ar cheanglais nua rialaithe allmhairithe RA do tháirgí agraibhia na hÉireann, go háirithe deimhniú sláinte onnmhairithe a sholáthar. Áiríodh leis na costais baill foirne a athlonnú, costais bhreise oiliúna agus chumarsáide

chun tacú le hullmhacht na hearnála chun freastal ar cheanglais nua na RA. Is ríthábhachtach na hullmhúcháin ar tugadh fúthu le haghaidh na n-athruithe sin lena chinntiú go n-íoslaghdófar aon suaitheadh ar onnmhairí agraibhia go dtí an Bhreatain Mhór.

Tugadh isteach roinnt scéimeanna tacaíochta freisin in 2023 chun aghaidh a thabhairt ar thionchair an Bhreatimeachta ar na hearnálacha talmhaíochta agus iascaigh. Cuireadh an caiteachas sin ar fáil tríd an bpróiseas meastachán agus déanfar breithniú air lena fhorchúiteamh mar chuid d'éileamh na hÉireann faoi Chúlchiste Coigeartaithe an Bhreatimeachta de chuid an AE.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistiú agus rialú rioscaí. Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Roinne ar éifeachtacht an chórais maidir le rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na hardbhainistíochta taobh istigh den Roinn atá freagrach as forbairt agus caomhnú an chreata um rialú inmheánach airgeadais.

***Ceisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais***

***Íocaíocht dhúblach***

Eisíodh íocaíocht dhúblach ar luach €316,000 le linn 2023, agus aisíocadh leis an Roinn í ina dhiaidh sin. Rinneadh athbhreithniú ar an nósanna imeachta maidir le próiseáil íocaíochtaí chun an baol atarlaithe a íoslaghdú.

Níor aithníodh aon laige eile maidir leis an rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2023 agus ar tharla caillteanas ábhartha ina leith, nó a bhféadfadh caillteanas ábhartha tarlú ina leith.

**Brendan Gleeson**
An tOifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

26 September 2024

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Mara

### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Mara don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Mara don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

***An bonn leis an tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Theaghlachas an Uachtaráin agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

***An bonn aitheanta muirir maidir le Críochfort 7 Ros Láir***

Gan agús a chur le mo ráiteas, tarraingím aird ar nóta 2.13 an chuntais leithreasa a thugann aghaidh ar ghealltanais an Vóta ag deireadh 2023. Nochtann sé seo go raibh €63.9 milliún gearrtha ar Vóta 30 in 2023 maidir le sciar na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara de na costais a bhaineann le saoráid rialúcháin teorann nua a thógáil (Calafort 7) in Eoraphort Ros Láir. Rinneadh taifead ar na muirir i gcomparáid le fo-cheannteideal VI costais áitreabh oifige de réir threoracha díreacha na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

I mo thuairim, níl €39.5 milliún den mhuirear seo ag teacht leis na treoirlínte *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, ná leis na polasaithe cuntasaíochta a d'eisigh an Roinn sin do chuntais leithreasa 2023.

Mínítear i gCaibidil 3 mo thuarascála ar chuntais na seirbhísí poiblí do 2023 an bonn a n-aithnítear na muirir air i gcuntas leithreasa 2023 do Vóta 30.

## Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

### *Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair*

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais go raibh cásanna ábhartha neamhchomhlíontachta leis na rialacha soláthair i leith roinnt conarthaí a bhí i bhfeidhm in 2023.

**Seamus Mac Cárthaigh**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

27 Meán Fómhair 2024

## Aguisín leis an tuarascáil

## Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an áirithiú leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe, agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a áirithiú, agus
- pé rialú inmheánach a chur chun feidhme a cheapann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnta a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha ar calaois nó earráid is cúis leis. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní cinnteacht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na ISAnna (Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht) míráiteas ábhartha i gcónaí nuair a bheidh sé ann. Féadfaidh míráiteas eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa, ina n-aonar nó ina n-iomláine.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Agus mé ag déanamh amhlaidh,

- Sainaithním agus measúnaím rioscaí an mhíráitis ábhartha a bhaineann leis an gcuntas leithreasa, cibé acu an bhfuil said de bharr calaoise nó earráide iad; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt le mo thuairime. Is mó an riosca nach mbraithfí míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr calaoise ná míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr earráide, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh a bheidh iomchuí sna cúinsí lena mbaineann, ach ní chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Measúnaím cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* de chuid fhorálacha cuntasaíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le scóip agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, i measc nithe eile, lena n-áirítear aon laigí suntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím de réir eisceachta más amhlaidh, i mo thuairimse,

- nár bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta le go bhféadfaí an cuntas leithreasa a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

**Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais**

Ní chumhdaítear mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na ISAnna an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, ag déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de ar neamhréir go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó ar cosúil, seachas sin, go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair a rinne mé, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

**Tuairisciú ar ábhair eile**

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann. Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha I mo *Thuarascáil bhliantúil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*.

## Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Muir

## Cuntas Leithreasa 2023

| | | | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar sna meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas an chláir** | | | | | |
| A | Sábháilteacht Bia, Sláinte Ainmhithe agus Plandaí agus Leas Ainmhithe | | | | |
| | *Bunmhéid* | 388,965 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | 93,026 | | | |
| | | | 481,991 | 459,218 | 332,804 |
| B | Tacaíocht agus Rialuithe Feirme/Earnála | | | | |
| | *Bunmhéid* | 998,538 | | | |
| | *Géilleadh Iarchurtha* | 27,500 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | (34,473) | | | |
| | | | 991,565 | 862,832 | 953,074 |
| C | Polasaí agus Straitéis | | | | |
| | *Bunmhéid* | 439,556 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | 17,953 | | | |
| | | | 457,509 | 447,677 | 430,672 |
| D | An Earnáil Bia Mara | | | | |
| | *Bunmhéid* | 337,450 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | 14,400 | | | |
| | | | 351,850 | 347,715 | 176,859 |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunmhéid* | 2,164,509 | | | |
| | *Géilleadh Iarchurtha* | 27,500 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | 90,906 | | | |
| | | | **2,282,915** | **2,117,442** | **1,893,409** |
| | *Asbhain* | | | | |
| E | **Leithreasaí i gcabhair** | | | | |
| | *Bunmhéid* | 376,610 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | (145,600) | | | |
| | | | **231,010** | **245,394** | **408,796** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunmhéid* | 1,787,899 | | | |
| | *Géilleadh Iarchurtha* | 27,500 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | 236,506 | | | |
| | | | **2,051,905** | **1,872,048** | **1,484,613** |

**Barrachas**

Tá barrachas an mhéid a soláthraíodh le hais an ghlanmhéid faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadfar leithreasaí iomlána nó cuid díobh nár caitheadh le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil a thabhairt anonn lena gcaitheamh sa bhliain dár gcionn. €45.6 milliún de leithdháiltí nár caitheadh i leith eilimintí caipitil an Vóta, tugadh anonn go dtí 2024 iad (nóta 6.7).

| | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas | 179,856,624 | 122,509,275 |
| Géilleadh iarchurtha | (45,600,000) | (27,500,000) |
| **Barrachas le géilleadh** | **134,256,624** | **95,009,275** |

**Brendan Gleeson**
An tOifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

27 Márta 2024

## Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

### Nóta 1 An Ráiteas ar Chostas Oibriúcháin 2023

| | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas an chláir | | 1,690,347 | 1,562,420 |
| Pá | | 237,904 | 225,624 |
| Neamhphá | | 189,191 | 105,365 |
| **Ollchaiteachas** | | **2,117,442** | **1,893,409** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **245,394** | **408,796** |
| **Glanchaiteachas** | | **1,872,048** | **1,484,613** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| ***Mhaoin, innealra agus trealamh* (nóta 2.1)** | | | |
| Ceannacháin | (5,989) | | |
| Dímheas | 3,307 | | |
| Diúscairtí | 141 | | |
| Gnóthachan ar dhiúscairtí | (136) | | |
| ***Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)*** | | | |
| Ceannacháin | (6,767) | | |
| Amúchadh | 141 | | |
| | | (9,303) | (2,107) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhardail | (1,627) | | |
| Méadú ar réamhíocaíochtaí | (5,928) | | |
| Laghdú ar ioncam fabhraithe | 58,358 | | |
| Méadú ar speansais fhabhraithe | 412 | | |
| Laghdú ar ioncam iarchurtha | (4) | | |
| | | 51,211 | 49,244 |
| **Caiteachas díreach** | | **1,913,956** | **1,531,750** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara (nóta 1.1) | | 96,632 | 90,308 |
| Measchíosanna | | 8,027 | 8,027 |
| **Glanchostas an chláir** | | **2,018,615** | **1,630,085** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara

Cuimsítear na méideanna a leanas i ndáil le Vóta 30 a tabhaíodh in áit eile i gcomhdhéanamh maidir le méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara.

| | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 5 | 17 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 89,059 | 84,240 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 6,037 | 4,904 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 395 | 380 |
| Vóta 20 | An Garda Síochána | 263 | 19 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais | 654 | 507 |
| Lárchiste – pinsin na n-airí | | 219 | 241 |
| | | **96,632** | **90,308** |

## Nóta 2 An Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2023

| | Nóta | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| **Maoin, gléasra agus trealamh** | 2.1 | 12,888 | 10,211 |
| **Sócmhainní doláimhsithe** | 2.2 | 7,013 | 387 |
| **Iomlán na sócmhainní seasta** | | **19,901** | **10,598** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 222,639 | 107,883 |
| Fardail | 2.4 | 4,536 | 2,909 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.5 | 40,581 | 34,653 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 1,023 | 7,133 |
| Ioncam fabhraithe | 2.7 | 83,744 | 142,102 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **352,523** | **294,680** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | 2.8 | 31,707 | 31,295 |
| Ioncam iarchurtha | 2.9 | 1 | 5 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.10 | 146,838 | 32,337 |
| Glanmhaoiniú an Státchiste | 2.11 | 76,824 | 82,679 |
| **Dliteanais reatha iomlána** | | **255,370** | **146,316** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 97,153 | 148,364 |
| **Glansócmhainní** | | **117,054** | **158,962** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe an Stáit** | 2.12 | **117,054** | **158,962** |

## 2.1 Maoin, gléasra agus trealamh [a]

| | Foirgnimh | Feithiclí agus trealamh | Trealamh Oifige, Saotharlainne agus TF | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Costas nó luacháil [b]** | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2023 | — | 7,513 | 29,372 | 118 | 37,003 |
| Breiseanna | — | 1,098 | 4,891 | — | 5,989 |
| Diúscairtí | — | (260) | (955) | — | (1,215) |
| Coigeartuithe | — | (45) | 257 | — | 212 |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | — | 8,306 | 33,565 | 118 | 41,989 |
| | | | | | |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2023 | — | 5,406 | 21,348 | 38 | 26,792 |
| Dímheas don bhliain | — | 483 | 2,813 | 11 | 3,307 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (255) | (955) | — | (1,210) |
| Coigeartuithe | — | (44) | 256 | — | 212 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | **—** | **5,590** | **23,462** | **49** | **29,101** |
| | | | | | |
| **Glansócmhainní** | | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | **—** | **2,716** | **10,103** | **69** | **12,888** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2022** | — | 2,107 | 8,024 | 80 | 10,211 |

Nóta [a] Tailte agus foirgnimh faoi úinéireacht an Stáit arna rialú nó arna mbainistiú ag an Roinn nach ndearnadh luachálacha maidir leo, leagtar amach in Aguisín A iad.

[b] Le héifeacht ón 1 Eanáir 2023, athaicmíodh fáil bogearraí agus sócmhainní forbartha ó mhaoin, gléasra agus trealamh go sócmhainní doláimhsithe (féach nóta 2.2)

## 2.2 Sócmhainní doláimhsithe [a]

| | Bogearraí faighte agus forbartha | Sócmhainní atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Costas nó luacháil** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2023 | 950 | — | 950 |
| Breiseanna | 1,947 | 4,820 | 6,767 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | 2,897 | 4,820 | 7,717 |
| | | | |
| **Amúchadh Carntha** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2023 | 563 | — | 563 |
| Amúchadh don bhliain | 141 | — | 141 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | 704 | — | 704 |
| | | | |
| **Glansócmhainní** | | | |
| **an 31 Nollaig 2023** | **2,193** | **4,820** | **7,013** |
| an 31 Nollaig 2022 | 387 | — | 387 |

Nóta [a] Le héifeacht ón 1 Eanáir 2023, athaicmíodh fáil bogearraí agus sócmhainní forbartha ó mhaoin, gléasra agus trealamh go sócmhainní doláimhsithe.

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| amhail an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna PMG | 222,343 | 107,553 |
| Iarmhéideanna an chuntais bainc tráchtála | 296 | 330 |
| | **222,639** | **107,883** |

## 2.4 Fardail

| amhail an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Soláthairtí tréidliachta | 4,184 | 2,541 |
| Beostoc | 305 | 312 |
| Fardal talmhaíochta | 34 | 39 |
| Trealamh sábháilteachta | 13 | 17 |
| | **4,536** | **2,909** |

## 2.5 Réamhíocaíochtaí

| amhail an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Ranníocaíochtaí leis an gClár Domhanda Bia (nóta 6.6) | 25,000 | 25,000 |
| Deontais taighde, cháilíochta agus deimhniúcháin | 9,854 | 5,499 |
| Teicneolaíocht bainistithe faisnéise | 2,809 | 3,232 |
| Eile | 2,621 | 655 |
| Síntiúis | 297 | 267 |
| | **40,581** | **34,653** |

## 2.6 Iarmhéideanna dochair eile

| amhail an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Réamhíocaíochtaí tuarastail | 1 | 2 |
| Óinchistí agus costais taistil inghnóthaithe | 231 | 143 |
| Réamhíocaíochtaí le OPW | 791 | 795 |
| Na Coimisinéirí Ioncaim | — | 6,193 |
| | **1,023** | **7,133** |

## 2.7 Ioncam Fabhraithe

| amhail an 31 Nollaig 2021 | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Maoiniú CETFT dlite ón AE | 72,926 | 125,819 |
| Cistí AE eile | 197 | 4,365 |
| Ró-íocaíochtaí scéime (nóta 6.2) | 1,178 | 1,743 |
| Dlite le haghaidh seirbhísí | 9,443 | 10,175 |
| | **83,744** | **142,102** |

## 2.8 Speansais fhabhraithe

| amhail an 31 Nollaig | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Fabhruithe sonracha cláir | 28,299 | 28,075 |
| Costais riaracháin | 811 | 1,734 |
| Seirbhísí agus tacaíocht TF | 2,597 | 1,486 |
| | **31,707** | **31,295** |

## 2.9 Ioncam Iarchurtha

| amhail an 31 Nollaig | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Ceadúnas Mórdhíola | 1 | 5 |
| | **1** | **5** |

## 2.10 Iarmhéideanna sochair eile

| amhail an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 3,511 | 3,585 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 2,415 | 2,234 |
| Cáin shiarchoinneálach | 2,522 | 2,825 |
| Cáin bhreisluacha | 2,069 | 1,680 |
| Cáin conarthaí ábhartha | 13 | 10 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 1,068 | 1,834 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 23 | 165 |
| An Muirear Sóisialta Uilíoch | 731 | 702 |
| | 12,352 | 13,035 |
| Urrúis | 861 | 2,800 |
| Táillí ceadúnaithe lotnaidicídí | 475 | 423 |
| Réamhíocaíochtaí AE | 129,327 | 13,221 |
| Ilghnéitheach | 3,823 | 2,858 |
| | **146,838** | **32,337** |

## 2.11 Glanmhaoiniú an Státchiste

| amhail an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Barrachas le géilleadh | 134,257 | 95,009 |
| Géilleadh iarchurtha | 45,600 | 27,500 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (103,033) | (39,830) |
| **Glanmhaoiniú an Státchiste** | **76,824** | **82,679** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 222,639 | 107,883 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 1,023 | 7,133 |
| | 223,662 | 115,016 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (12,352) | (13,035) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (134,486) | (19,302) |
| | (146,838) | (32,337) |
| | **76,824** | **82,679** |

## 2.12 Cuntas maoinithe an Stáit

| | Nóta | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | 158,962 | 206,099 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar sna meastacháin | Cuntas | 2,051,905 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (45,600) | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (134,257) | | |
| Glanvóta | | | 1,872,048 | 1,484,613 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 96,632 | 90,308 |
| Caiteachas neamhairgid - measchíos | 1 | | 8,027 | 8,027 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (2,018,615) | (1,630,085) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **117,054** | **158,962** |

## 2.13 Ceangaltais

| **Ceangaltais fhoriomlána** | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 35,572 | 92,452 |
| Cláir deontais neamhchaipitil | 703,489 | 584,366 |
| Cláir deontais caipitil | 608,115 | 745,921 |
| Mórthionscadal caipitil | 37,314 | — |
| **Iomlán na gceangaltas infhorfheidhmithe le dlí** | **1,384,490** | **1,422,739** |

**Ceangaltais na gclár deontais neamhchaipitil**

| | | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | **Dlite 2024** | **Blianta dá éis sin** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Deontais don earnáil orgánach | 54,711 | 239,451 | 294,162 | 266,795 |
| Scéim ghlas ísealcharbóin agra-chomhshaoil | 2,101 | 1,712 | 3,813 | 44,647 |
| Scéimeanna atá á stiúradh go háitiúil – reatha | 78,418 | — | 78,418 | 78,615 |
| An Clár Domhanda Bia | — | — | — | 25,000 |
| Taighde bia | 25,000 | 49,443 | 74,443 | 65,636 |
| An Scéim Feabhsúcháin Caorach | 23,000 | — | 23,000 | 23,000 |
| Beart ionchorpraithe tuí | — | — | — | 50,000 |
| An Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh | 4,800 | 6,154 | 10,954 | 10,824 |
| An Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh – babhta nua | 4,349 | — | 4,349 | 7,828 |
| Clár sonraí mairteola agus géanómaíochta | 1,158 | — | 1,158 | 3,812 |
| SCEP agus Oiliúint SCEP | 51,600 | 159,600 | 211,200 | — |
| Leas caorach | 431 | 300 | 731 | 3,781 |
| Scéim Phíolótach REAP | 63 | — | 63 | 2,048 |
| BAR reatha | — | — | — | 706 |
| Comhpháirtíocht nuálaíochta Eorpach | — | — | — | 188 |
| Íocaíochtaí blianachta talún | 87 | 1,094 | 1,181 | 1,265 |
| Scéim bainne agus torthaí scoile | — | — | — | 111 |
| REPS - SM4 bruachánach | — | — | — | 93 |
| Aistriú eolais | 17 | — | 17 | 17 |
| **Iomlán na gceangaltas infhorfheidhmithe le dlí** | **245,735** | **457,754** | **703,489** | **584,366** |

**Ceangaltais na gclár deontais caipitil**

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh | 745,921 | 662,035 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (241,707) | (207,017) |
| Ceangaltais nua | 159,605 | 339,089 |
| Dídhílsiú deontais | (55,704) | (48,186) |
| **Iarmhéid deiridh** | **608,115** | **745,921** |

**Ceangaltais na gclár deontais caipitil**

| | | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | **Dlite 2024** | **Blianta dá éis sin** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Foraoisiú | 61,018 | 425,734 | 486,752 | 538,894 |
| Scéimeanna spriocdhírithe nuachóirithe talmhaíochta | 25,121 | — | 25,121 | 41,355 |
| Clár caipitil na Lárionad Cuan Iascaigh | 20,654 | 4,035 | 24,689 | 50,556 |
| CBSÉ – Scéim Iasachtaí an Bhreatimeachta | 4,945 | 7,805 | 12,750 | 31,067 |
| Caipiteal BAR | — | — | — | 14,439 |
| Scéim Gairneoireachta | 6,000 | 2,395 | 8,395 | 5,497 |
| An tIonad Náisiúnta um Thaighde agus Nuálaíocht Inbhuanaitheachta Talmhaíochta (NASRIC) | 5,471 | 1,572 | 7,043 | 8,543 |
| Athchóiriú cóiríochta do mhic léinn i mBéal Átha hÉis | 2,400 | 300 | 2,700 | 2,900 |
| Scéim prátaí síl/sceallóg | — | — | — | 619 |
| Scéimeanna atá á stiúradh go háitiúil - caipiteal | 2 | — | 2 | 78 |
| An Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh - caipiteal | — | — | — | 63 |
| Togra bia LEADER | 3,495 | — | 3,495 | 5,986 |
| Deontais infheistíochta caipitil | 8,000 | 29,168 | 37,168 | 45,924 |
| **Iomlán na gceangaltas infhorfheidhmithe le dlí** | **137,106** | **471,009** | **608,115** | **745,921** |

**Ceangaltais mórthionscadail caipitil**

| Tionscadal | Caiteachas carntha go dtí an 31 Nollaig 2022 | Caiteachas in 2023 | Ceangaltais tionscadail sna blianta dá éis sin | Saolré caiteachais iomlán tionscadail lena bhfuil coinne 2023 | Saolré caiteachais iomlán tionscadail lena bhfuil coinne 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Tionscadal feabhsúcháin Inis Sionnach | 25,861 | 25 | — | 25,886 | 25,861 |
| Terminal 7 Rosslare Europort[a] | — | 63,906 | 37,314 | 101,220 | — |
| **Total** | **25,861** | **63,931** | **37,314** | **127,106** | **25,861** |

Nóta [a] Tá RTBM ag comhbhunú (43%), saoráid theorann ag Calafort Ros Láir – Críochfort 7. Léiríonn an gealltanas €37.314 milliún an gealltanas iomlán go dtí mí Mheán Fómhair 2025. Chomh luath agus a bheidh sé curtha i gcrích, beidh an tsócmhainn sheasta seo le feiceáil ar Chlár Comhardaithe Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí.

## 2.14 Dliteanais theagmhasacha

**Oibríochtaí AE**

1. Tá an Roinn ar an eolas maidir le fionraíocht shealadach faoi Chlár Oibriúcháin CEMI na hÉireann i ngeall ar mhoill ar chur chun feidhme chóras pointí an AE a bhfuil gá leis faoi Rialacháin AE.

In 2018, chuir an Coimisiún Eorpach íocaíochtaí forchúitimh le hÉirinn le haghaidh caiteachas rialaithe agus forfheidhmithe ar fionraí agus bhí €33.31 milliún á shiarchoinneáil aige in íocaíochtaí ar fionraí amhail deireadh 2023.

Thug an tAire rialacháin isteach ó shin i leith lena gcomhlíontar na ceanglais ábhartha go hiomlán i ndáil le córas pointí do shealbhóirí ceadúnais bád iascaireachta mara. Tá na nósanna imeachta dá bhforáiltear faoi na rialacháin sin i bhfeidhm anois.

Leis an Acht Iascaigh Mhara (Forálacha Ilghnéitheacha), 2022, a síníodh ina dhlí i mí an Mhárta 2022 agus a tháinig i bhfeidhm i mí na Bealtaine 2022, rinneadh foráil maidir le córas pointí comhchosúil le haghaidh Máistrí soithí iascaireachta. Cuireadh bearta riaracháin agus socruithe i bhfeidhm ó shin i leith chun an córas pointí a fhorfheidhmiú. B'ionann é sin agus na céimeanna deiridh chun coinníollacha ex-ante a chomhlíonadh le haghaidh chlár CEMI.

Ionas go bhféadfar deireadh a chur leis an bhfionraí, ní mór don Choimisiún Eorpach a bheith sásta go bhfuil na bearta a rinneadh sách láidir. Thug Éire aghaidh ar na saincheisteanna a tharraing an Coimisiún anuas, agus cuireadh pointí pionóis i bhfeidhm cheana féin ar an gcóras nua. Le Rialacháin AE foráiltear nach mór don Choimisiún na híocaíochtaí ar fionraí a scaoileadh ach a mbeidh Éire ag comhlíonadh cheanglais an chórais pointí ina n iomláine. Go dtí seo, Mí Mheán Fómhair 2024, fuair an Roinn €10.7 milliún de na híocaíochtaí ar fionraí seo.

2. Tá an Roinn ar an eolas maidir le smachtbhannaí féideartha i ndáil le hábhair a sainaithníodh tar éis Fiosrúchán Riaracháin de bhun Airteagal 102(2) de Rialachán 1224/2009 an AE um Rialú i ndáil le hábhair rialaithe iascaigh mhara. Tá an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara, atá neamhspleách i ndáil le cúrsaí oibriúcháin, ag plé ar bhonn gníomhach chun aghaidh a thabhairt ar na torthaí. Táthar éiginnte faoi chineál agus uainiú aon dliteanas féideartha go fóill.

Ag leanúint ar aghaidh ó iniúchadh a rinne an Coimisiún in 2018, fuair Éire cinneadh foirmiúil maidir le rún an Choimisiúin tabhairt faoi fhiosrúchán riaracháin ar mhaithe le meastóireacht a dhéanamh ar acmhainneacht na hÉireann chun rialacha an Chomhbheartais Iascaigh (CBI) a chur i bhfeidhm. Cuireadh torthaí an fhiosrúcháin in iúl d'Éirinn i mí na Nollag 2020. Is ábhair forfheidhmithe dlí le haghaidh údaráis rialaithe na hÉireann iad monatóireacht agus rialú a dhéanamh ar shoithí iascaireachta laistigh de Limistéar Eisiach Iascaigh na hÉireann. Faoin Acht Iascaigh Mhara agus Dlínse Muirí, 2006, is don Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara (SFPA) agus don tSeirbhís Chabhlaigh agus dóibh siúd amháin atá gach saincheist oibriúcháin den sórt sin.

Go príomha, shainaithin an Coimisiún easnaimh a bhaineann le rialú éifeachtach iascaigh pheiligigh, saincheisteanna a bhaineann le tearcthuairisciú ar ghabhálacha na speiceas sin; córas smachtbhannaí neamh-leordhóthanach agus neamhéifeachtach le haghaidh cionta arna ndéanamh ag oibreoirí; agus an easpa rialaithe agus forfheidhmithe ar ghabhálacha tuinnín ghoirm ag soithí áineasa.

An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara (SFPA), agus oifigigh na Roinne ag tacú leis, i gcás inarbh fhóinteach, chuir sé tús le próiseas rannpháirtíochta leis an gCoimisiún Eorpach. A bhuí leis an rannpháirtíocht leis an gCoimisiún, bhíothas in ann meastóireacht iomlán a dhéanamh ar thorthaí an Fhiosrúcháin agus breithniú a dhéanamh ar na gníomhartha a shainaithin an Coimisiún. I láthair na huaire, táthar ag fanacht ar ghníomhú foirmiúil ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le haon bheart eile a d'fhéadfadh sé a dhéanamh. Tuigtear, áfach, go bhfuil SFPA den tuairim gur thug sé aghaidh ar na teipeanna arna sainaithint ag AS Mare in Iniúchadh 2018 agus ar thorthaí an Fhiosrúcháin Riaracháin agus é sin ar bhonn an-leathan.

3. Tá an Roinn ar an eolas freisin maidir le dícheadú féideartha i ndáil leis na próisis iniúchta seo a leanas atá ar bun faoi láthair. Táthar éiginnte faoi mhéid iarbhír nó uainiú aon dliteanais fhéideartha.

- Imréiteach Cuntas 2023 don Bhliain Airgeadais 2022 – Thug an Coimisiún barúlacha i ndáil le hobair an Chomhlachta Deimhniúcháin. A mhéid a bhaineann leis an nGníomhaireacht Íocaíochta, tá tuairimí ann freisin le fiosrú. Bhí cruinniú déthaobhach ann i mí na Samhna 2023. D'iarr AS Agri tuilleadh faisnéise agus doiciméadaithe lena fhíorú go bhfuil an daonra dá ndéantar difear leithlisithe i bhfothacar amháin laistigh de scéim TAMS. Chuir an Roinn tuilleadh faisnéise ar fáil lena fhíorú go bhfuil an daonra dá ndéantar difear leithlisithe i bhfothacar amháin laistigh de scéim TAMS, agus ní i ndaonra iomlán TAMS. Tá an Roinn ag fanacht le litir dheiridh/ litir chomhréitigh maidir leis an gceist seo.
- Iniúchadh 2023 ar Scéimeanna Scoile (Torthaí agus Glasraí agus Bainne) - Is é an rud atá sna torthaí pionós bunráta 10% le haghaidh laigí in dhá phríomhrialú: seiceálacha chun rochtain a fháil ar an gcabhair a éilítear, agus seiceálacha chun incháilitheacht na cabhrach a chruthú. Ceanglaíonn AS AGRI ar Stiúrthóir na Gníomhaireachta Íocaíochta freisin barúil a thabhairt ar na bearta ceartaitheacha sa Dearbhú Bainistíochta; agus tá an Ghníomhaireacht Íocaíochta le tuairisciú ar chur chun feidhme na moltaí a bhaineann leis an gComhlacht Deimhniúcháin. Chuir an Coimisiún clabhsúr

leis an iniúchadh i mí Aibreáin 2024 agus níor cuireadh aon cheartúchán airgeadais i bhfeidhm toisc gur mheas an Coimisiún nach raibh aon bhaol ann don chiste a tháinig i gcrích.

- Ráiteas Dearbhaithe 2022 do Bhliain Airgeadais 2021 (CETFT) – An Scéim Leasa Caorach agus GLAS — Tugadh faoi iniúchadh Chúirt Iniúchóirí na hEorpa i mí Mheán Fómhair 2022. Litir chlabhsúir a fuarthas i mí an Mhárta 2023 ina bhfuil tuairimí i ndáil leis an Scéim Leasa Caorach agus GLAS. D'oscail AS AGRI fiosrúchán de bhun an iniúchta agus d'iarr faisnéis i ndáil leis na barúlacha ón gCúirt Iniúchóirí ina hIniúchadh 2022 um Ráiteas Dearbhaithe. Cuireadh an fhaisnéis is déanaí ar fáil do AS AGRI i mí Iúil 2023. Tá an Roinn ag fanacht ar nuashonrú ó AS AGRI. Tá an próiseas sin ar bun faoi láthair.

**Scéimeanna ráthaíochta creidmheasa**

Sheol an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (DETE) Scéim Ráthaíochta Creidmheasa COVID-19 (CCGS) i mí Mheán Fómhair 2020 chun cabhrú le gnólachtaí a raibh tionchar diúltach ag COVID-19 orthu agus ar stopadh iasachtú orthu ar an 30 Meitheamh 2022 í. Rinneadh comhaontú idir DETE agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) chun feirmeoirí agus na hearnálacha agraibhia agus bia mara a chur san áireamh sa scéim.

Thug an Scéim ráthaíocht Stáit 80% d'iasachtóirí a ghlac páirt inti maidir le saoráidí iasachtaithe suas le huasmhéid €2 billiún. Forbraíodh an Scéim i gcomhréir le Creat Chúnaimh Shealadaigh Stáit an Choimisiún Eorpaigh agus bhí sé ar fáil do FBManna, gnólachtaí le caipitliú meánach agus táirgeoirí tosaigh a chomhlíonann na critéir cháilitheachta.

Sheol an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (DETE) Scéim Ráthaíochta Creidmheasa na hÚcráine (UCGS) i mí Eanáir 2023. Forbraíodh an Scéim chun cabhrú le gnólachtaí a raibh tionchar ag costais mhéadaithe orthu de bharr na coimhlinte san Úcráin. Rinneadh comhaontú idir DETE agus RTBM chun feirmeoirí agus na hearnálacha agraibhia agus bia mara a chur san áireamh sa scéim.

Cuireann an Scéim €1.2 billiún ar fáil mar iasachtaí do FBManna agus do ghnólachtaí le caipitliú meánach chun críche caipitil oibre agus infheistíochta. Tá iasachtaí suas le €1 milliún ar fáil ó iasachtóirí atá ag glacadh páirt sa scéim, lena n áirítear bainc, soláthróirí neamhbhainc agus comhair chreidmheasa. Reáchtálann Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (SBCI) an scéim agus tá sé ar fáil go dtí an 31 Nollaig 2024.

I gcás gach ceann de na Scéimeanna seo, íocann an Stát (an ráthóir) as an ráthaíocht don iasachtóir rannpháirteach maidir leis an bpríomh-iarmhéid atá le híoc nach bhfaightear ar ais ar iasacht, sa chás go mainníonn an t iasachtaí ar na haisíocaíochtaí. Tá dliteanas RTBM teoranta don phríomh-iarmhéid a bhaineann le hiasachtaí d'fheirmeoirí agus do na hearnálacha agraibhia agus bia mara.

€32.677 milliún ba ea an neamhchosaint uasta iomlán na Roinne maidir le hiasachtaí a bhí le híoc ar an 31 Nollaig 2023 (2022: €45.347 milliún).

Caithfidh gnólachtaí a bhaineann leas as na Scéimeanna seo costas beag breise a íoc leis an Roinn. Íoctar éilimh in aghaidh na ráthaíochta d'iasachtóirí rannpháirteacha ó scéim iasachta fo-cheannteidil C.10 SBCI. Íocann DETE as costais na n-íocaíochtaí le SBCI chun an scéim a reáchtáil.

### Eile

Tá an Roinn rannpháirteach i roinnt imeachtaí dlí atá ar feitheamh lena bhféadfaí dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Táthar éiginnte faoi aon mhéid iarbhír nó faoi uainiú dliteanas féideartha.

## 2.15 Dliteanais eile

**Scéim Iasachtaí d'Fhás na Todhchaí**

Is iasacht infheistíochta caipitil fhadtéarmach í an Scéim Iasachtaí d'Fhás na Todhchaí, a d'fhorbair RTBM agus DETE, i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Airgeadais, an SBCI agus Ciste Infheistíochta na hEorpa (EIF).

Bhain FGLS tairbhe as ráthaíocht ón Aontas Eorpach faoin gCiste Eorpach d'Infheistíochtaí Straitéiseacha (EFSI).

Sheol SBCI an Scéim i mí an Mheithimh 2019.

Seachadadh é trí sholáthraithe airgeadais a ghlac páirt sa scéim, agus cuireadh suas le €300 milliún d'iasachtaí infheistíochta ar fáil do ghnólachtaí Éireannacha incháilithe, lena n áirítear feirmeoirí agus na hearnálacha agraibhia agus bia mara. Bhí praghas iomaíoch ar na hiasachtaí (uasmhéid an ráta úis thosaigh de 4.5% d'iasachtaí níos lú ná €250,000), bhí téarmaí 8-10 mbliana i gceist leo agus thacaigh siad le hinfheistíocht straitéiseach fhadtéarmach sa timpeallacht i ndiaidh an Bhreatimeachta. Bhí íosmhéid iasachta €100,000 suas le huasmhéid €3,000,000 i gceist in aghaidh an iarrthóra.

Spreag an tionchar mór, tobann, airgeadais ar ghnólachtaí le linn phaindéim Covid-19 seoladh an dara tráinse de €500 milliún in 2020, agus suas le 40% ar fáil don earnáil agraibhia.

€62 milliún ba ea costas tosaigh an €300 milliún a bhí ar fáil, agus chuir RTBM €25 milliún de seo ar fáil.

€106 milliún ba ea costas na hacmhainneachta méadaithe agus chuir RTBM €42 milliún de seo ar fáil.

**Costas díreach FGLS don RTBM**

| | 2019 – 2022 | 2023 | 2024 – 2030 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Céadchaillteanas EIF | 48,000 | — | — | 48,000 |
| Táillí bainistíochta CEI | 1,130 | 773 | 2,612 | 4,515 |
| Céadchaillteanas SBCI | 9,797 | — | — | 9,797 |
| Táillí bainistíochta SBCI | 4,380 | — | — | 4,380 |
| **Costas iomlán [a]** | 63,307 | 773 | 2,612 | 66,692 |

Nóta [a] Athróidh costais iomlána na scéime ar thabhairt i gcrích na scéime, nuair a bheifear ar an eolas faoi luach iomlán chostas na n-éileamh mainnithe agus nuair a bhainfear é ó na ranníocaíochtaí céadchaillteanais arna ndéanamh ag an Roinn. Cuirfear an fuílleach ar fáil don Roinn an uair sin, rud a laghdóidh costas na scéime.

**Anailís ar iasachtaí FGLS eisithe go dtí seo**

| Bliain inar eisíodh an iasacht | 2019 – 2022 | | 2023 | |
|---|---|---|---|---|
| | Líon na n-iasachtaí | Luach na n-iasachtaí €000 | Líon na n-iasachtaí | Luach na n-iasachtaí €000 |
| Iasachtaí tarraingthe | 1,589 | 233,335 | 1 | 3,000 |
| Iasachtaí aisíoctha | 102 | 12,935 | — | — |
| Iasachtaí ar mainníodh orthu | 37 | 5,584 | — | — |
| Éilimh a íocadh | 16 [a] | 1,107 [b] | — | — |
| Iasachtaí Beo (suim aisíoctha) | 1,450 | 57,494 | 1 | 265 |
| Iarmhéid atá le híoc [c] | 1,450 | 156,215 [d] | 1 | 2,735 |

Nóta
[a] San áireamh sna figiúirí iasachtaí mainnithe.
[b] Ní léiríonn na héilimh íoctha an t-iarmhéid iomlán atá le híoc ar na hiasachtaí. Tá luach foriomlán na n-éileamh a íocadh sna 16 chás €277,000 níos ísle ná an iarmhéid atá le híoc ar na hiasachtaí seo.
[c] €127.16 milliún is ea an dliteanas féideartha don Roinn mar atá ar an 31 Nollaig 2023 (80% den iarmhéid iomlán atá le híoc).
[d] Ní chuirtear na héilimh íoctha san áireamh san iarmhéid.

**An Scéim Iasachta Fáis agus Inbhuanaitheachta**

Is iasacht infheistíochta fhadtéarmach í an Scéim Iasachta Fáis agus Inbhuanaitheachta (GSLS), a seoladh i mí Mheán Fómhair 2023, a sholáthair SBCI agus a chuireann ráthaíocht gan teorainn 80% ar fáil do na hiasachtóirí a ghlacann páirt inti. Cuireann Grúpa na mBanc Eorpach Infheistíochta (EIBG) ráthaíocht freagartha ar fáil don SBCI, ionas go mbeidh comhroinnt riosca na scéime mar a leanas: 20% soláthraithe airgeadais, 16% SBCI agus 64% EIBG.

Tá íosmhéid 30% den mhéid iasachta dírithe ar chuspóirí inbhuanaitheachta comhshaoil agus é mar aidhm cabhrú le FBManna infheistíocht a dhéanamh in inbhuanaitheacht agus in éifeachtúlacht fuinnimh. Beidh (suas le) 70% den iasachtú a bheidh fágtha le haghaidh iasachtú dírithe ar infheistíochtaí straitéiseacha d’fhonn an táirgiúlacht agus an t-iomaíochas a mhéadú agus bonn taca a chur dá réir faoi inbhuanaitheacht agus fás gnó amach anseo.

Roinntear costais GSLS idir DETE agus RTBM ar bhonn 60:40. Tacaíonn síntiús RTBM don GSLS le suas le 40% den iasachtú don earnáil agraibhia.

Costas tuairim is €117.3 milliún a bhainfidh leis an scéim €500 milliún, agus cuirfidh RTBM €45 milliún ar fáil idir 2022 agus 2026. Clúdaíonn an maoiniú seo ráthaíocht chéadchaillteanais (i.e. tugann an Stát ráthaíocht go gclúdófar an chéad sciar caillteanais maidir le haon mhainneachtain) agus costais riaracháin don CEI agus SBCI araon.

**Costas díreach GSLS don RTBM**

| | 2022 | 2023 | 2024-2036 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Céadchaillteanas EIF | 13,000 | 13,000 | — | **26,000** |
| Táillí bainistíochta CEI | 57 | 696 | 5,089 | **5,842** |
| Céadchaillteanas SBCI | — | 3,252 | — | **3,252** |
| Táillí bainistíochta SBCI | 4,250 | 596 | 4,348 | **9,194** |
| **Costas iomlán [a]** | **17,307** | **17,544** | **9,437** | **44,288** |

Nóta [a] Athróidh costais iomlána na scéime ar thabhairt i gcrích na scéime, nuair a bheifear ar an eolas faoi luach iomlán chostas na n-éileamh mainnithe agus nuair a bhainfear é ó na ranníocaíochtaí céadchaillteanais arna ndéanamh ag an Roinn. Cuirfear an t-iarmhéid ar fáil don Roinn an uair sin, rud a laghdóidh costas na scéime.

**Anailís ar iasachtaí GSLS eisithe go dtí seo**

| Bliain inar eisíodh an iasacht | 2023 | |
|---|---|---|
| | Líon na n-iasachtaí | Luach na n-iasachtaí |
| | | €000 |
| Iasachtaí tarraingthe | 19 | 1,654 |
| Iasachtaí aisíoctha | — | — |
| Iasachtaí ar mainníodh orthu | — | — |
| Éilimh a íocadh | — | — |
| Iasachtaí Beo (suim aisíoctha) | 19 | 2 |
| **Iarmhéid atá le híoc [a]** | **19** | **1,652** |

Nóta [a] €1.322 milliún is ea an dliteanas féideartha don Roinn mar atá ar an 31 Nollaig 2023 (80% den iarmhéid iomlán atá le híoc).

## Nóta 3 Caiteachas an Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an caiteachas riaracháin mar a leagtar amach thíos comhroinnte thar na cláir, chun costais iomlána an chláir a léiriú.

| | | | | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | **Soláthar sna meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 239,862 | | | |
| | | *Méid Forlíontach* | 200 | | | |
| | | | | 240,062 | 237,904 | 225,624 |
| ii | Taisteal agus cothú | | | 8,396 | 8,393 | 7,260 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | | | 9,985 | 6,797 | 5,803 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | | 5,900 | 5,648 | 5,248 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 68,267 | | | |
| | | *Méid Forlíontach* | 10,280 | | | |
| | | | | 78,547 | 79,295 | 65,822 |
| vi | Speansais áitribh oifige | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 24,060 | | | |
| | | *Méid Forlíontach* | 60,906 | | | |
| | | | | 84,966 | 75,133 | 10,316 |
| vii | Comhairleoireacht agus luach ar airgead agus athbhreithnithe beartais | | | 369 | 52 | 124 |
| viii | Bearta forlíontacha don AE | | | 1,278 | 1,261 | 821 |
| ix | Seirbhísí saotharlainne | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 11,900 | | | |
| | | *Méid Forlíontach* | 310 | | | |
| | | | | 12,210 | 12,612 | 9,971 |
| | | | | **441,713** | **427,095** | **330,989** |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Leagtar amach thíos na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha i gcaiteachas Riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

**iii Oiliúint agus Forbairt agus speansais theagmhasacha**

*Soláthar sna meastacháin €9.985 milliún; toradh €6.797 milliún*

Roinnt tosca ba chúis leis an easnamh caiteachais €3.188 milliún i gcomparáid leis an meastachán bunaidh. Is iad seo a leanas na príomhghnéithe: Rinneadh coigiltis €232,000 ar chostais chumarsáide/fógraíochta, rinneadh coigiltis €295,000 i soláthar cuntasaíochta teicniúil lenar ceadaíodh caillteanais airgeadra eachtraigh nach raibh gá leis agus ní raibh gá le soláthar €1 milliún a rinneadh le haghaidh cásanna dlí féideartha.

**vi Speansais áitribh oifige**

*Soláthar sna meastacháin €24.060 milliún; toradh €75.133 milliún*

Ba é ba chúis leis an méadú €51.073 milliún ar chaiteachas i gcomparáid leis an meastachán bunaidh ná cur chun feidhme chinneadh na RA an AE a fhágáil. Ba ghá bonneagar fisiciúil breise a chur isteach ag Calafort Bhaile Átha Cliath agus Eoraphort Ros Láir lena chinntiú gur féidir le hÉirinn na ceanglais maidir le seiceálacha agus rialuithe ar tháirgí a ghluaistear idir an Bhreatain Mhór agus Éirinn a bhainistiú go héifeachtach.

Is tionscadal bonneagair chriticiúil é an t-uasghrádú ar Eoraphort Ros Láir chun an bonneagar buan is gá a fhorbairt ar mhaithe le rialuithe custaim, sláintíochta agus fíteashláintíochta agus rialuithe oifigiúla bia a chomhlíonadh, is rialuithe atá ann de thoradh an Bhreatimeachta. D'íoc an Roinn cuid dá costais a bhain le Eoraphort Ros Láir a uasghrádú le hOifig na nOibreacha Poiblí, méid is fiú €63.900 milliún.

**vii Seirbhísí comhairleoireachta agus luach ar airgead agus athbhreithnithe beartais**

*Soláthar sna meastacháin €369,000; toradh €52,000*

Ba é ba chúis leis an easnamh caiteachais €317,000 i gcomparáid leis an meastachán bunaidh ná comhairleoireacht phleanáilte nár lean ar aghaidh toisc nach bhfuarthas aon fhreagra ar an iarraidh ábhartha ar thairiscintí.

## Clár A Sábháilteacht Bia, Sláinte Ainmhithe agus Plandaí agus Leas Ainmhithe

| | | | | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Soláthar sna meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán – pá | | | 140,177 | 139,033 | 131,856 |
| A.2 | Riarachán − neamhphá | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 80,468 | | | |
| | | *Méid Forlíontach* | 70,716 | | | |
| | | | | 151,184 | 136,638 | 63,516 |
| A.3 | Sábháilteacht bia, sláinte ainmhithe agus plandaí agus leas ainmhithe | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 117,110 | | | |
| | | *Méid Forlíontach* | 1,710 | | | |
| | | | | 118,820 | 109,263 | 79,980 |
| A.4 | Eitinn Bhólachta agus Díothú Brúsallóise | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 51,210 | | | |
| | | *Méid Forlíontach* | 20,600 | | | |
| | | | | 71,810 | 74,284 | 57,452 |
| | | | | **481,991** | **459,218** | **332,804** |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Leis an méid seo a leanas leagtar amach na cúiseanna le héagsúlachtaí suntasacha i gcaiteachas cláir neamhriaracháin (+/-5% agus €100,000).

**A.3 Sábháilteacht bia, sláinte ainmhithe agus sláinte plandaí agus leas ainmhithe**

*Soláthar sna meastacháin €117.110 milliún; toradh €109.263 milliún*

Ba é ba chúis leis an easnamh caiteachais €7.847 milliún i gcomparáid leis an meastachán bunaidh ná coigiltis ar fud roinnt scéimeanna, go príomha mar a leanas: Tháinig coigiltis €4.5 milliún chun cinn i scéimeanna diúscartha Feola agus Min Cnámh agus scéimeanna ríomh-phasanna eachaí arna maoiniú ag Cúlchiste Coigeartaithe an Bhreatimeachta, i ngeall ar dheacrachtaí soláthair agus moilleanna eile ar na tionscadail a bhain do na hiarratasóirí deontais ar éirigh leo.

Tháinig coigiltis €1.9 milliún chun cinn i gcúiteamh Minceanna i ngeall go raibh an leibhéal éileamh a próiseáladh in 2023 ní b'ísle ná mar a bhí coinne leis.

**A.4 Eitinn Bhólachta agus Díothú Brúsallóise**

*Soláthar sna meastacháin €51.210 milliún; toradh €74.284 milliún*

Is é is cúis leis an méadú €23.074m ar chaiteachas i gcomparáid leis an meastachán bunaidh ná an méadú beag ar leibhéal na heitinne bólachta in Éirinn i gcaitheamh 2023. Leis an maoiniú tugadh tacaíocht do €15 milliún sa bhreis don Scéim Luachála Margaidh Feirme, arb í an phríomhbheart cúitimh í faoin Scéim Díothaithe Eitinne dá bhfuil ar fáil d'Úinéirí Tréada a bhfuil a dtréada thíos leis an ngalar.

Leithdháileadh €4 milliún sa bhreis chun Cleachtóirí Tréidliachta Príobháideacha (PVPanna) a íoc as tástáil eitinne a dhéanamh agus leithdháileadh €4 milliún eile ar an mbuiséad soláthairtí díothaithe eitinne i ngeall ar mhéadú ar líon na n-ainmhithe a bhíothas a thástáil in 2023.

## Clár B Tacaíocht agus Rialuithe Feirme/Earnála

| | | | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar sna meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán − pá | | 68,592 | 68,032 | 64,521 |
| B.2 | Riarachán − neamhphá | | | | |
| | *Bunmhéid* | 33,479 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | 780 | | | |
| | | | 34,259 | 35,919 | 28,574 |
| B.3 | Scéimeanna agra-chomhshaoil | | | | |
| | *Bunmhéid* | 160,737 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | (27,110) | | | |
| | | | 133,627 | 122,084 | 268,570 |
| B.4 | Scéim na limistéar faoi shrianta nádúrtha | | | | |
| | *Bunmhéid* | 250,000 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | (1,000) | | | |
| | | | 249,000 | 248,386 | 246,451 |
| B.5 | Forbairt talmhaíochta agus bia (feirme) | | | | |
| | *Bunmhéid* | 40,917 | | | |
| | *Géilleadh Iarchurtha* | 27,500 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | 400 | | | |
| | | | 68,817 | 42,473 | 65,581 |
| B.6 | Scéimeanna inbhuanaitheachta mairteola | | | | |
| | *Bunmhéid* | 57,000 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | 3,000 | | | |
| | | | 60,000 | 51,909 | 72,510 |
| B.7 | Aistriú eolais | | 25 | — | 1 |
| B.8 | An scéim leasa ainmhithe le haghaidh caorach | | | | |
| | *Bunmhéid* | 20,000 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | 1,440 | | | |
| | | | 21,440 | 20,958 | 17,562 |
| B.9 | An scéim luathscoir | | — | (11) | 12 |
| B.10 | Foraoiseacht agus bithfhuinneamh | | | | |
| | *Bunmhéid* | 112,415 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | (13,483) | | | |
| | | | 98,932 | 73,746 | 74,086 |
| B.11 | Costais a bhaineann le rialú agus scéimeanna tacaíochta eile | | | | |
| | *Bunmhéid* | 22,931 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | (2,500) | | | |
| | | | 20,431 | 18,672 | 15,548 |

| | | | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar sna meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| B.12 | Scéimeanna eile | | | | |
| | *Bunmhéid* | 18,108 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | 22,000 | | | |
| | | | 40,108 | 39,037 | 96,193 |
| B.13 | Bearta um cháin charbóin | | | | |
| | *Bunmhéid* | 13,650 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | (7,000) | | | |
| | | | 6,650 | 2,905 | 3,465 |
| B.14 | Scéim Timpeallachta Tuaithe Talmhaíochta agus Aeráide | | | | |
| | *Bunmhéid* | 160,000 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | (14,000) | | | |
| | | | 146,000 | 94,143 | — |
| B.15 | An Scéim um Fheirmeoireacht Orgánach | | 12,684 | 13,332 | — |
| B.16 | Scéim Mairteola an Bhreatimeachta | | | | |
| | *Bunmhéid* | 28,000 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | 3,000 | | | |
| | | | 31,000 | 31,247 | — |
| | | | **991,565** | **862,832** | **953,074** |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Leis an méid seo a leanas leagtar amach na cúiseanna le héagsúlachtaí suntasacha i gcaiteachas cláir neamhriaracháin (+/-5% agus €100,000).

**B.3 Scéimeanna agra-chomhshaoil**

*Soláthar sna meastacháin €160.737 milliún; toradh €122.084 milliún*

Ba é ba chúis leis an easnamh caiteachais €38.653 milliún i gcomparáid leis an meastachán bunaidh ná coigiltis ar fud roinnt scéimeanna.Bhí tionchar ag an ngéarchéim costais maireachtála agus fadhbanna soláthair ar chur i gcrích na dtionscadal go pointe áirithe agus mar thoradh ar chostais mhéadaithe sa tionscal tógála, chuir roinnt iarratasóirí oibreacha réamh-mheasta siar nó ghearr siad siar orthu.

**B.5 Forbairt talmhaíochta agus bia (feirme)**

*Soláthar sna meastacháin €68.417 milliún; toradh €42.473 milliún*

Ba é ba chúis leis an easnamh caiteachais €25.944 milliún i gcomparáid leis an meastachán bunaidh ar an mórgóir ná forbairt na scéime TAMS 3 lenar bhain uasghrádú nach beag ar chórais chun freastal ar na hinfheistíochtaí nua agus uasteorainneacha méadaithe ar fud na scéimeanna éagsúla. Mar thoradh air sin, bhí moill ar eisiúint ceaduithe chun tús a chur le hoibreacha go dtí deireadh 2023.

Thairis sin, d'fhéadfadh sé gur chinn feirmeoirí áirithe gan dul ar aghaidh lena gceadú infheistíochta reatha agus seachas sin chuir siad iarratas isteach faoi TAMS 3 lena dtarraingítear leibhéal níos airde de chúnamh deontais le haghaidh scéimeanna áirithe.

**B.6 Scéimeanna inbhuanaitheachta mairteola**

*Soláthar sna meastacháin €57.000 milliún; toradh €51.909 milliún*

Ba é ba chúis leis an easnamh caiteachais €5.091 milliún i gcomparáid leis an meastachán bunaidh ná gurbh é 2023 an chéad bhliain den Chlár nua um Éifeachtúlacht Carbóin Bó Diúil (SCEP) agus nár íocadh roinnt rannpháirtithe toisc nach raibh siad in ann riachtanais na scéime a chomhlíonadh.

**B.10 Foraoiseacht agus bithfhuinneamh**

*Soláthar sna meastacháin €112.415 milliún; toradh €73.746 milliún*

Ba é ba chúis leis an easnamh caiteachais €38.669 milliún i gcomparáid leis an meastachán bunaidh ná an mhoill ar fhaomhadh a fháil ón gCoimisiún Eorpach le haghaidh an chláir foraoiseachta nua. Is é is sprioc don chlár foraoiseachta €3 billiún ná foraoisiú nua 8,000 heicteár a chruthú in aghaidh na bliana. Níorbh fhéidir an sprioc sin a bhaint amach in 2023 i ngeall ar uainiú rolladh amach an chláir.

**B.11 Costais a bhaineann le rialú agus scéimeanna tacaíochta eile**

*Soláthar sna meastacháin €22.931 milliún; toradh €18.672 milliún*

Ba é príomhchúis an easnaimh sa chaiteachas €4.259 milliún i gcomparáid leis an meastachán bunaidh ná toradh rathúil na n-iniúchtaí CBT AE, a raibh dícheadú iniúchta féideartha AE nach dtagann i gcrích mar thoradh orthu, nó a laghdaíodh tar éis deireadh a bheith curtha leis an bpróiseas iniúchta.

**B.12 Scéimeanna eile**

*Soláthar measta €18.108; toradh €39.037 milliún*

Ba é ba chúis leis an méadú €20.929 milliún ar chaiteachas i gcomparáid leis an meastachán bunaidh ná íocaíochtaí €20 milliún a bhí ag dul d'fheirmeoirí faoin Scéim Tacaíochta Farae 2023, a tugadh isteach mar fhreagairt ar dheacrachtaí agus luaineacht an mhargaidh laistigh de thionscal na feirmeoireachta.

**B.13 Bearta um cháin charbóin**

*Soláthar sna meastacháin €13.650 milliún; toradh €2.905 milliún*

Is é is príomhchúis leis an easnamh caiteachais €10.745 milliún i gcomparáid leis an meastachán bunaidh ná €10 milliún a soláthraíodh don Scéim Togra Taispeántais Bithgheilleagair. I ngeall ar a chasta is atá sé an scéim a chur ar bun, níor baineadh úsáid as an leithdháileadh sin.

**B.14 Scéim Timpeallachta Tuaithe Talmhaíochta agus Aeráide**

*Soláthar sna meastacháin €160.000 milliún; toradh €94.143 milliún*

Ba é ba chúis leis an easnamh caiteachais €65.857 milliún i gcomparáid leis an meastachán bunaidh ná an chastacht a bhain le rolladh amach na Scéime Timpeallachta Tuaithe Talmhaíochta agus Aeráide (ACRES). Ní hamhlaidh go bhfuair gach iarratasóir a íocaíocht agus níor cuireadh tús le híocaíochtaí a bhí dlite faoin sruth Tionscadail Comhair (TC) in 2023 mar a bhí beartaithe.

**B.15 An Scéim Feirmeoireachta Orgánaí**

*Soláthar sna meastacháin €12.684 milliún; toradh €13.332 milliún*

Is é is cúis leis an méadú €648,000 ar chaiteachas ná go raibh líon ní b'airde feirmeoirí rannpháirteach sa scéim ná mar a bhí coinne leis ar dtús.

**B.16 Scéim Mairteola an Bhreatimeachta**

*Soláthar sna meastacháin €28.000 milliún; toradh €31.247 milliún*

Ba é ba chúis leis an méadú €3.247 milliún ar chaiteachas i gcomparáid leis an meastachán bunaidh ná gur faomhadh scéim breise i gcaitheamh 2023 – an Clár Géinitíopa le haghaidh Bó-Ainmhithe. Maoiníodh an scéim le Cúlchiste Coigeartaithe an Bhreatimeachta (BAR).

## Clár C Beartas agus Straitéis

| | | | | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Soláthar sna meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| C.1 | Riarachán − pá | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 19,548 | | | |
| | | *Méid Forlíontach* | 200 | | | |
| | | | | 19,748 | 19,388 | 18,387 |
| C.2 | Riarachán − neamhphá | | | 8,691 | 8,565 | 6,841 |
| C.3 | Taighde, cáilíocht agus deimhniúchán | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 28,224 | | | |
| | | *Méid Forlíontach* | 10,853 | | | |
| | | | | 39,077 | 38,621 | 39,027 |
| C.4 | Forbairt agus cur chun cinn talmhaíochta agus bia (nach cinn feirme) | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 30,766 | | | |
| | | *Méid Forlíontach* | (16,400) | | | |
| | | | | 14,366 | 15,816 | 12,417 |
| C.5 | Deontas Teagasc | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 162,196 | | | |
| | | *Méid Forlíontach* | (2,000) | | | |
| | | | | 160,196 | 156,476 | 148,957 |
| C.6 | Deontas de chuid An Bord Bia | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 55,290 | | | |
| | | *Méid Forlíontach* | 1,000 | | | |
| | | | | 56,290 | 55,486 | 52,300 |
| C.7 | Ciste na Rásaíochta Capall agus Con | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 92,000 | | | |
| | | *Méid Forlíontach* | (1,000) | | | |
| | | | | 91,000 | 91,000 | 94,231 |
| C.8 | Ciste Forbartha agus Nuálaíochta na Tuaithe Cedra | | | 1,500 | 1,482 | 1,467 |
| C.9 | Tabhartais cabhrach bia – an Clár Domhanda Bia | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | — | | | |
| | | *Méid Forlíontach* | 25,000 | | | |
| | | | | 25,000 | 25,000 | 25,000 |
| C.10 | Scéim iasachtaí SBCI | | | 20,100 | 18,517 | 17,532 |

| | | | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar sna meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| C.11 | Seirbhísí eile | | | | |
| | *Bunmhéid* | 14,141 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | 1,300 | | | |
| | | | 15,441 | 12,679 | 14,513 |
| C.12 | Tacaíochtaí eachaí eile | | | | |
| | *Bunmhéid* | 7,100 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | (1,000) | | | |
| | | | 6,100 | 4,647 | — |
| | | | **457,509** | **447,677** | **430,672** |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Leis an méid seo a leanas leagtar amach na cúiseanna le héagsúlachtaí suntasacha i gcaiteachas cláir neamhriaracháin (+/-5% agus €100,000).

**C.3 Taighde, cáilíocht agus deimhniúchán**

*Soláthar sna meastacháin €28.224 milliún; toradh €38.621 milliún*

Ba é ba chúis leis an méadú €10.397 milliún ar chaiteachas i gcomparáid leis an meastachán bunaidh ná gur thosaigh an Roinn ag cur maoiniú ar fáil do Bhord Bia i dtreo na Scéime Dearbhaithe Mairteola agus Uaineola Inbhuanaithe.

**C.4 Forbairt agus cur chun cinn talmhaíochta agus bia (nach cinn feirme)**

*Soláthar sna meastacháin €30.766 milliún; toradh €15.816 milliún*

Ba iad na nithe seo a leanas ba chúis leis an easnamh caiteachais €14.95 milliún i gcomparáid leis an meastachán bunaidh den chuid is mó: Tháinig coigiltis €8.244 milliún chun cinn sa Scéim Infheistíochta Caipitil don Bhreatimeacht arna hoibriú ag Fiontraíocht Éireann. Féadfaidh scéimeanna infheistíochta caipitil den sórt sin a bheith casta agus ní mór ullmhúchán agus pleanáil mhór a dhéanamh ina leith. Beidh an Scéim ar bun ar feadh roinnt blianta agus tarraingeofar maoiniú anuas de réir mar a chuirfear tionscadail chaipitil i gcrích.

Tháinig coigiltis €3.923 milliún chun cinn de bharr oifig nua an Ombudsman Náisiúnta Bia a bheith curtha ar bun. I bhfianaise a chasta atá na próisis reachtacha agus na hamlínte, níor cuireadh an oifig ar bun go dtí mí na Nollag 2023.

**C.9 Tabhartais cabhrach bia – an Clár Domhanda Bia**

*Soláthar measta €nialas; toradh €25.000 milliún*

Ba é ba chúis leis an méadú €25 milliún ar chaiteachas i gcomparáid leis an meastachán bunaidh ná réamhíocaíocht amach i leith ranníocaíocht 2024 na hÉireann faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Straitéisí 2022-2024. Rinneadh an íocaíocht sin ag deireadh 2023 tar éis iarraidh ón gClár Domhanda Bia. Áirítear an méid sin faoi réamhíocaíochtaí sa ráiteas ar an staid airgeadais.

**C.10 Scéimeanna iasachta Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (SBCI)**

*Soláthar sna meastacháin €20.100 milliún; toradh €18.517 milliún*

Ba é ba chúis leis an easnamh caiteachais €1.583 milliún i gcomparáid leis an meastachán bunaidh ná an t-éileamh ar na scéimeanna iasacht-bhunaithe a bheith ní b'ísle ná mar a bhí coinne leis.

**C.11 Seirbhísí eile**

*Soláthar sna meastacháin €14.141 milliún; toradh €12.679 milliún*

Ba é ba chúis leis an easnamh caiteachais €1.462 milliún i gcomparáid leis an meastachán bunaidh ná nach raibh gá leis an soláthar stuama bliantúil le haghaidh seirbhísí dlí i gcaitheamh na bliana.

**C.12 Tacaíochtaí eachaí eile**

*Soláthar sna meastacháin €7.100 milliún; toradh €4.647 milliún*

Ba é ba chúis leis an easnamh caiteachais €2.453 milliún i gcomparáid leis an meastachán bunaidh ná nár leanadh ar aghaidh le hathfhorbairt Ionad Eachaí na hÉireann agus nár tarraingíodh anuas an leithdháileadh €1.9 milliún ina leith sin. Tháinig coigiltis €553,000 chun cinn in earnáil na gcapall neamhfholaíochta toisc nár cuireadh roinnt tionscadal faofa i gcrích roimh dheireadh na bliana.

## Clár D An Earnáil Bia Mara

| | | | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar sna meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| D.1 | Riarachán − pá | | 11,545 | 11,451 | 10,860 |
| D.2 | Riarachán − neamhphá | | 7,517 | 8,069 | 6,434 |
| D.3 | Iascach | | | | |
| | *Bunmhéid* | 82,433 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | 7,000 | | | |
| | | | 89,433 | 86,500 | 43,054 |
| D.4 | Deontas Fhoras na Mara | | 41,421 | 41,405 | 44,439 |
| D.5 | Deontas Bhord Iascaigh Mhara | | | | |
| | *Bunmhéid* | 166,353 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | 12,000 | | | |
| | | | 178,353 | 178,642 | 51,065 |
| D.6 | An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara | | | | |
| | *Bunmhéid* | 28,081 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | (4,600) | | | |
| | | | 23,481 | 21,623 | 20,933 |
| D.7 | Tionscadal feabhsúcháin Inis Sionnach | | 100 | 25 | 74 |
| | | | **351,850** | **347,715** | **176,859** |

### Éagsúlachtaí suntasacha

Leis an méid seo a leanas leagtar amach na cúiseanna le héagsúlachtaí suntasacha i gcaiteachas cláir neamhriaracháin (+/-5% agus €100,000).

**D.5 Deontas Bhord Iascaigh Mhara**

*Soláthar sna meastacháin €166.353 milliún; toradh €178.642 milliún*

Is é is cúis leis an méadú €12.289 milliún ar chaiteachas i gcomparáid leis an meastachán bunaidh ná gur tarraingíodh anuas méid ba mhó ná mar a bhí coinne leis ar dtús faoi scéimeanna Chúlchiste Coigeartaithe an Bhreatimeachta (BAR), is scéimeanna arna spreagadh ag éilimh.

**D.6 An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara**

*Soláthar sna meastacháin €28.081 milliún; toradh €21.623 milliún*

Is iad na nithe seo a leanas is cúis leis an easnamh caiteachais €6.458 milliún i gcomparáid leis an meastachán bunaidh den chuid is mó: Ba iad coigiltis €2.387 milliún i bpá agus pinsin a cuireadh i leith na moille ar earcaíocht ball foirne nua den chuid is mó, mar aon le ní ba lú fostaithe ag dul ar scor ná mar a bhí coinne leis.

Coigiltis chaipitil €547,000 inchurtha i leith athruithe sna hamlínte a bhaineann leis na hoibreacha atá beartaithe.

Coigiltis neamhphá €3.524 milliún go príomha mar gheall ar ath-thairiscint seirbhísí tacaíochta a bhaineann le roinnt tionscadal in CEMI/CEMID a raibh tionchar acu ar sheachadadh na dtionscadal sin i gcaitheamh 2023.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí i gcabhair

| | | | | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Fo-chean nteideal | Measta | Fíoraithe | Fíoraithe |
| | | | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Forchúiteamh tuarastal etc. d'oifigigh ar iasacht do chomhlachtaí seachtracha | | | 720 | 563 | 748 |
| 2 | Taiscí agus urrúis fhorghéillte | | | 1 | 2,373 | 43 |
| 3 | Fáltais ó tháillí cigireachta ag gléasraí feola | | A.3 | | | |
| | | *Bunmhéid* | 25,112 | | | |
| | | *Méid Forlíontach* | (7,200) | | | |
| | | | | 17,912 | 21,133 | 23,223 |
| 4 | Fáltais ó tháillí scrúdaithe tréidliachta le haghaidh onnmhairí beo | | A.3 | 685 | 1,029 | 1,051 |
| 5 | Fáltais ó tháillí le haghaidh seirbhísí cigireachta áitreabh déiríochta | | A.3 | 4,300 | 3,971 | 4,597 |
| 6 | Fáltais ó dhíol vacsaíní etc. | | A.3 | 675 | 510 | 536 |
| 7 | Fáltais ó tháillí tástála síolta etc. | | C.3 | 3,150 | 3,472 | 2,515 |
| 8 | Fáltais ó ranníocaíochtaí feirmeoirí maidir le díothú eitinne | | A.3 | 7,501 | 8,045 | 8,299 |
| 9 | Fáltais Choimisiún na Talún | | | 255 | 141 | 228 |
| 10 | Fáltais eile | | | 1,626 | 7,669 | 6,970 |
| 11 | CETFT (An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe) | | B.4, B.3, B.5 agus B.9 | | | |
| | | *Bunmhéid* | 226,000 | | | |
| | | *Méid Forlíontach* | (80,000) | | | |
| | | | | 146,000 | 141,570 | 310,847 |
| 12 | Ciste Tréidliachta | | A.3 | 335 | 2,094 | 3,255 |
| 13 | Fáltais Ráthaíochta AE eile (Talmhaíocht) | | B.11 | 52 | 9 | 52 |
| 14 | Fáltais ó fhíneálacha agus ó fhorghéilleadh i leith iascach mara | | D.3 | 100 | 11 | — |
| 15 | Fáltais faoi Achtanna 1933 agus 1954 | | D.3 | 100 | 160 | 139 |
| 16 | Táillí ceadúnais dobharshaothraithe | | D.3 | 406 | 639 | 660 |

| | | | | Fo-chean nteideal | Measta | 2023 Fíoraithe | 2022 Fíoraithe |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | €000 | €000 | €000 |
| 17 | Fáltais AE as CEMI | | | D.3 | | | |
| | | *Bunmhéid* | 49,600 | | | | |
| | | *Méid Forlíontach* | (46,400) | | | | |
| | | | | | 3,200 | 6,792 | 5,611 |
| 18 | Fáltais ó Chórais Bhia Inbhuanaithe Éireann | | | | 100 | 127 | 163 |
| 19 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí | | | | 10,792 | 11,833 | 11,427 |
| 20 | Fáltais NGEU | | | B.3 | | | |
| | | *Bunmhéid* | 45,000 | | | | |
| | | *Méid Forlíontach* | (12,000) | | | | |
| | | | | | 33,000 | 33,202 | 28,354 |
| 21 | Fáltais ceadúnaithe foraoiseachta | | | B.10 | 100 | 51 | 78 |
| | **Iomlán** | | | | **231,010** | **245,394** | **408,796** |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Leagtar amach thíos na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí i gcabhair €131.216 milliún ní b'ísle ná an réamh-mheastachán.

**1 Forchúiteamh tuarastal, etc. d'oifigigh ar iasacht do chomhlachtaí seachtracha**

*Meastachán €720,000; réadaithe €563,000*

Tharla an laghdú €157,000 toisc nár próiseáladh roinnt sonrasc le haghaidh 2023 go dtí 2024.

**2 Taiscí agus urrúis fhorghéillte**

*Meastachán: €1.000 milliún; réadaithe: €2.373*

Is é is cúis leis an méadú €2.372 milliún ná gur forghéilleadh roinnt urrús don Roinn mar thoradh ar neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí a bhaineann le Ceadúnais onnmhairiúcháin.

**3 Fáltais ó tháillí cigireachta ag gléasraí éanlaithe clóis agus feola eile.**

*Meastachán €25.112 milliún; réadaithe €21.133 milliún*

Is é an príomhchúis leis an laghdú €3.979 milliún ná meascán de leibhéil mharaithe ní b'ísle i gcás roinnt speiceas in 2023 de €5.572 milliún agus méadú €2.336 milliún ar tháillí cigireachta allmhairiúcháin.

**4 Fáltais ó tháillí scrúdaithe tréidliachta le haghaidh onnmhairí beo**

*Meastachán: €685,000; réadaithe: €1.029*

Is é is cúis leis an méadú €344,000 ná leibhéil onnmhairiúcháin ní b'airde arbh iad na fáltais bhreise seo a leanas ba thoradh orthu:

Scrúdú tréidliachta ar onnmhairí eallaigh (€231,000) agus ar chapaill (€143,000); táillí scrúdaithe ar ainmhithe beo €30,000; agus laghduithe ar tháillí ar mhuca €57,000 agus caoirigh €5,000.

**5 Fáltais ó tháillí le haghaidh seirbhísí cigireachta áitreabh déiríochta**

*Meastachán €4.300 milliún; réadaithe €3.971 milliún*

Is é is cúis leis an laghdú €329,000 ná gníomhaíocht ábhartha laghdaithe san earnáil próiseála déiríochta.

**6 Fáltais ó dhíol vacsaíní etc.**

*Meastachán €675,000; réadaithe €510,000*

Is é is cúis leis an laghdú €165,000 ná fáltais a bheith ag brath ar thosca seachtracha, lena n-áirítear an t-éileamh ar thástáil saotharlainne ó chleachtóirí tréidliachta príobháideacha agus an praghas margaidh ar bheostoc feirme. Dá bharr sin, bíonn sé deacair ioncam ó na foinsí sin a thuar go beacht in aon bhliain ar leith.

**7 Fáltais ó tháillí tástála síolta, táillí deimhniúcháin, táillí ceadúnaithe, lotnaidicídí, táillí clárúcháin, etc. agus fáltais ó Fheirm Bhacastúin**

*Meastachán €3.150 milliún; réadaithe €3.472 milliún*

Is é is cúis leis an méadú €322,000 ná méadú ar na leibhéil tástála agus deimhnithe síolta agus ar leibhéal na dtáillí clárúcháin lotnaidicídí a fuarthas.

**8 Fáltais ó ranníocaíochtaí feirmeoirí i dtreo an chostais a bhaineann le galar bólachta a dhíothú**

*Meastachán €7.501 milliún; réadaithe €8.045 milliún*

Is é is cúis leis an méadú €544,000 ná fáltais mhéadaithe ó thobhaigh onnmhairiúcháin in 2023 agus leathnú ar an tréad déiríochta as ar eascair méadú ar tháirgeadh bainne agus ar na tobhaigh ghaolmhara.

**9 Fáltais Choimisiún na Talún**

*Meastachán €255,000; réadaithe €141,000*

Is é is cúis leis an laghdú €114,000 ná leibhéal fáltas ó bhlianachtaí bliantúla dlite, fuascailtí luatha agus riaráistí a bhí ní b'ísle ná mar a bhí coinne leis. Is iarmhairt é sin ar laghdú leanúnach ar líon na mblianachtóirí de chuid Choimisiún na Talún.

**10 Fáltais eile**

*Meastachán €1.626 milliún; réadaithe €7.669 milliún*

Is é is príomhchúis leis an méadú €6.043 milliún ná: fáltais €2.418 milliún as caillteanais stoic idirghabhála a bhí dlite d'Éirinn tar éis cuntas AE 2022 a imréiteach; méadú €109,000 ar fháltais as pasanna peataí; fáltais phinsin Teagasc €2.392 milliún agus fáltais phinsin na Gníomhaireachta um Chosaint Iascaigh Mhara (SFPA) €376,000.

**11 CETFT (An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe)**

*Meastachán €226.000 milliún; réadaithe €141.570 milliún*

Is é is cúis leis an laghdú €84.430 milliún ná íocaíochtaí áirithe nár eisíodh i mbliain airgeadais 2023 an AE agus tá na fáltais a bhaineann leis na híocaíochtaí sin dlite anois in 2024.

**12 Ciste Tréidliachta**

*Meastachán: €335,000; réadaithe: €2.094*

Is é is cúis leis an méadú €1.759 milliún ná fáltais €1.595 milliún in 2023 a bhain leis an gClár Tréidliachta um Dhíothú Eitinne le haghaidh 2022.

**16 Táillí ceadúnais dobharshaothraithe**

*Meastachán €406,000; réadaithe €639,000*

Is é is cúis leis an méadú €233,000 ar fháltais ná méadú ar líon na gceadúnas dobharshaothraithe arna n-eisiúint in 2023.

**17 Fáltais AE as CEMI**

*Meastachán €49.600 milliún; réadaithe €6.792 milliún*

An méid seo a leanas is cúis leis an laghdú €42.808 milliún: CEMI- as an €42.4 milliún buiséadaithe, níor íocadh €33.31 milliún i ngeall ar rannpháirtíocht leanúnach maidir le torthaí iniúchadh AS Mare, níor éilíodh €2.298 milliún, agus tá coinne leis go n-éileofar in 2024 é. Fuarthas an fuílleach €6.792. CEMID- Bhí coinne leis go n-éileofaí €7.2 milliún in 2023 ach níor éilíodh é, agus táthar ag súil go n-éileofar in 2024 é.

**19 Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair na seirbhíse poiblí**

*Meastachán €10.792 milliún; réadaithe €11.833 milliún*

Is é is cúis leis an méadú €1.041 milliún ná méadú ar bhaill foirne RTBM, rud a d'fhág gur tháinig méadú €670,000 ar asbhaintí tobhaigh pinsin agus €371,000 a bhí i dtionchar na n-arduithe pá i gcomhlachtaí faoi choimirce na Roinne.

**20 Fáltais NGEU**

*Meastachán €45.000 milliún; réadaithe €33.202 milliún*

Is é is cúis leis an laghdú €11.798 milliún ná go raibh fáltais EURI, atá bunaithe ar chaiteachas a tabhaíodh ar scéimeanna tacaíochta áirithe i gcaitheamh na bliana airgeadais 2023, ní b'ísle ná mar a bhí coinne leis.

## Nóta 5 Líon Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhfostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| Roinn | 3,840 | 3,760 |
| Gníomhaireachtaí [a] | 1,751 | 1,707 |
| **Iomlán** | **5,591** | **5,467** |

Nóta [a] Is iad na gníomhaireachtaí atá faoi choimirce na Roinne lena ngabhann gné phá ina ndeontas mar a fhoráiltear i meastacháin na Roinne ná Bord Bia, Bord Iascaigh Mhara, Foras na Mara, an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara agus Teagasc.

### 5.2 Pá

| **Luach saothair bhaill foirne na Roinne** | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 211,823 | 201,281 |
| Liúntais ard-dualgas, dualgais speisialta agus dualgais bhreise | 554 | 304 |
| Liúntais eile | 2,760 | 2,746 |
| Ragobair agus freastal breise | 3,236 | 3,151 |
| Liúntais seala | 2,178 | 2,165 |
| ÁSPC an Fhostóra | 18,148 | 16,660 |
| **Pá iomlán** | **238,699** | **226,307** |

| **Luach saothair bhaill foirne na Gníomhaireachta** | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 99,305 | 93,415 |
| Liúntais ard-dualgas, dualgais speisialta agus dualgais bhreise | 1,397 | 1,270 |
| Liúntais eile | 485 | 491 |
| Ragobair agus freastal breise | 116 | 122 |
| Íocaíochtaí bónais | 430 | 124 |
| ÁSPC an Fhostóra | 4,380 | 4,118 |
| **Pá iomlán** | **106,113** | **99,540** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre – Roinn

| amhail an 31 Nollaig | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair ba mhó | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2023 | 2022 |
| | | | € | € |
| Liúntais ard-dualgas, dualgais speisialta agus dualgais bhreise | 147 | 14 | 18,391 | 14,451 |
| Liúntais seala | 289 | 80 | 27,254 | 26,870 |
| Ilghnéitheach | 1,235 | 31 | 60,624 | 86,926 |
| Ragobair agus freastal breise | 784 | 93 | 32,653 | 32,764 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 533 | 231 | 45,091 | 48,609 |

## Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre – Gníomhaireachtaí

| amhail an 31 Nollaig | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair ba mhó | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2023 | 2022 |
| | | | € | € |
| Liúntais ard-dualgas, dualgais speisialta agus dualgais bhreise | 127 | 76 | 27,025 | 26,657 |
| Liúntais eile | 457 | 49 | 19,294 | 21,600 |
| Ragobair | 215 | 53 | 28,802 | 28,393 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 109 | 80 | 34,746 | 33,450 |

## 5.4 Bandaí pá fostaithe na Roinne

Seo a leanas an líon fostaithe de chuid na Roinne a raibh a sochair fostaí (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; diomaite de ÁSPC an fhostóra, costais phinsin an fhostóra) don bhliain airgeadais idir €20,000 and €59,999 agus laistigh de gach banda €10,000 ó níos mó ná €60,000:

| Bandaí Pá (€) | | Líon na bhfostaithe | |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **Go** | **2023** | **2022** |
| 20,000 | 59,999 | 2,684 | 2,761 |
| 60,000 | 69,999 | 444 | 417 |
| 70,000 | 79,999 | 285 | 241 |
| 80,000 | 89,999 | 165 | 178 |
| 90,000 | 99,999 | 130 | 88 |
| 100,000 | 109,999 | 79 | 97 |
| 110,000 | 119,999 | 99 | 96 |
| 120,000 | 129,999 | 39 | 20 |
| 130,000 | 139,999 | 17 | 10 |
| 140,000 | 149,999 | 10 | 2 |
| 150,000 | 159,999 | 1 | 1 |
| 160,000 | 169,999 | 3 | 6 |
| 170,000 | 179,999 | 2 | 3 |
| 180,000 | 189,999 | — | — |
| 190,000 | 199,999 | — | — |
| 200,000 | 209,999 | — | — |
| 210,000 | 219,999 | — | 1 |
| 220,000 | 229,999 | 1 | — |
| 230,000 | 239,999 | — | — |
| 240,000 | 249,999 | — | — |
| 250,000 | 259,999 | — | — |
| 260,000 | 269,999 | — | — |
| 270,000 | 279,999 | — | — |
| 280,000 | 289,999 | — | — |
| 290,000 | 299,999 | — | — |
| 300,000 | 309,999 | 1 | — |

### 5.5 Socruithe eile maidir le luach saothair

Athfhostaíodh naonúr státseirbhíseach ar scor a bhí ag fáil pinsean státseirbhíse ar bhonn táille ar chostas iomlán €23,277. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh i gcomhréir le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Áirítear sa chuntas seo caiteachas €2,623,441 i leith 40 oifigeach a bhí i mbun seirbhíse taobh amuigh den Roinn don bhliain iomlán nó do chuid de 2023 agus ar íoc an Roinn a dtuarastail.

Ní áirítear sa chuntas seo caiteachas i leith 23 oifigeach a bhí i mbun seirbhíse taobh amuigh den Roinn don bhliain iomlán nó do chuid de 2023 i Ranna/Oifigí Rialtais eile agus nár fhorchúitigh an Roinn a dtuarastail.

### 5.6 Ró-íocaíochtaí párolla

| amhail an 31 Nollaig | **Líon na bhfaighteoirí** | **2023**<br>**€** | **2022**<br>**€** |
|---|---:|---:|---:|
| Ró-íocaíochtaí | 378 | 781,953 | 679,872 |
| Pleananna téarnaimh atá i bhfeidhm | 74 | 173,936 | 216,750 |

Aistríodh 11 phlean aisghabhála ró-íocaíochta i leith 11 dhuine dar luach €11,301 chuig sé roinn/oifig rialtais in 2023.

### 5.7 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

Ba é luach saothair agus sochair incháanacha an Oifigigh Cuntasaíochta don bhliain airgeadais mar a leanas:

| | **2023**<br>**€000** | **2022**<br>**€000** |
|---|---:|---:|
| **Bunphá** | 227 | 213 |

Ní chuirtear an luach de shocair scoir shaothraithe le linn na tréimhse san áireamh thuas. Is ball den scéim aoisliúntais roimh 1995 do státseirbhísigh bhunaithe an tOifigeach Cuntasaíochta agus ní théann teidlíochtaí an duine sin maidir le sochair scoir thar théarmaí caighdeánacha na scéime sin.

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Maoiniú ón Aontas Eorpach

Le Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005 ón gComhairle tugadh isteach an Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT).

Le ciste CERT maoinítear íocaíochtaí díreacha agus tacaíochtaí margaidh agus le CETFT cómhaoinítear bearta forbartha tuaithe faoi chláir forbartha tuaithe arna bhfaomhadh.

Áirítear ar ghníomhaíochtaí na Roinne bearta arna maoiniú go hiomlán ag CERT agus gníomhaíochtaí arna gcómhaoiniú ag CETFT agus ón Vóta.

Áirítear i gClár B caiteachas i leith gníomhaíochtaí arna gcómhaoiniú ag an AE trí CETFT. Áirítear i gClár C freisin caiteachas i leith gníomhaíochtaí arna gcómhaoiniú ó Chiste Tréidliachta an AE. Áirítear i gCláir C agus D caiteachas i leith gníomhaíochtaí arna gcómhaoiniú ag an AE tríd an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh, 2014-2020 (CEMI). Áirítear i gClár B muirear €7,463,946 don Vóta le haghaidh Maoiniú AE a dícheadaíodh de dheasca cinntí maidir le himréiteach comhréireachta agus €1,889,402 in íocaíochtaí déanacha.

Áirítear ús €51,849 sa chuntas a íocadh ar iasachtaí gearrthéarmacha €670 milliún a fuarthas ar iasacht in 2022 chun caiteachas Ráthaíocht CERT a mhaoiniú ar feitheamh forchúiteamh ón AE. Aisíocadh na hiasachtaí in 2023 in éineacht le hús.

Fuarthas €670 milliún san iomlán ar iasacht i gcistí gearrthéarmacha in 2023 chun caiteachas Ráthaíocht CERT a mhaoiniú ar feitheamh forchúiteamh ón AE in 2024.

**Ioncam agus caiteachas arna maoiniú ag an AE a bhainistíonn an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara**

| | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | **€m** | **€m** |
| Scéim na n-íocaíochtaí díreacha/scéim na híocaíochta bunúsaí | 1,120 | 1,180 |
| Tacaíochtaí margaidh eile | 11 | 27 |
| Eile | (3) | (11) |
| **Fáltais chómhaoinithe (bearta arna gcómhaoiniú ag an AE)** [a] | | |
| | **2023** | **2022** |
| | **€m** | **€m** |
| Cláir Forbartha Tuaithe CETFT | 157 | 339 |
| Ciste Tréidliachta | 1.6 | 2.8 |
| Fáltais chómhaoinithe eile | 2 | 1 |
| **Iascach** | | |
| CEMI - An Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh 2014-2020 [b] | 6.8 | 5.6 |
| **Pá iomlán** | **1,295** | **1,544** |

Nótaí
[a] Ní léirítear sa tábla seo ach an cómhaoiniú AE ar na cláir sin.
[b] Coinnítear fáltais CEMI €13.9 milliún i gcuntas fionraí (réamhíocaíochtaí AE) i gcomhréir le nósanna imeachta airgeadais phoiblí.
[c] Faoi Rialachán (AE) 908/2014, Airteagal 28, déantar méideanna a aisghabhtar a dhearbhú agus a ghlanluacháil in aghaidh an chaiteachais scéime inar tháinig an dliteanas le haghaidh aisghabhála chun cinn.

## 6.2 Ró-íocaíochtaí scéime

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Ró-íocaíochtaí scéime amhail an 1 Eanáir | 1,743 | 668 |
| Coigeartú athráitis don iarmhéid tosaigh | — | 1,455 |
| Ró-íocaíochtaí a ardaíodh sa bhliain | 11,031 | 15,710 |
| Ceartúcháin | (325) | (1,040) |
| Aisghabhálacha | (11,230) | (14,958) |
| Díscríobhanna (nóta 6.3) | (41) | (92) |
| **Ró-íocaíochtaí scéime amhail an 31 Nollaig** | **1,178** | **1,743** |

## 6.3 Díscríobhanna

| Díscríobhadh na suimeanna seo a leanas sa bhliain | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Ró-íocaíochtaí scéime:** | | |
| Scéim foraoisithe | — | 69,011 |
| Scéim um chosaint na timpeallachta tuaithe | 20,239 | 11,378 |
| Préimheanna ilghnéitheacha AE agus scéimeanna bunaithe ar cheantair | 2,151 | 2,169 |
| Préimheanna Vóta Ilghnéitheacha | 10,923 | 2,951 |
| An scéim luathscoir | 7,528 | 6,311 |
| | **40,841** | **91,820** |
| **Custaiméirí:** | | |
| Custaiméirí nach dtrádálann a thuilleadh | 3,521 | 2,373 |
| Cúiseanna eile | 920 | 1,814 |
| | **4,441** | **4,187** |
| | **45,282** | **96,007** |

## 6.4 Cúiteamh agus costais dlí

**Íocaíochtaí/costais arna n-íoc ag an Roinn sa bhliain**

| | Éilimh ó | | Iomlán | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | fostaithe | baill den phobal | 2023 | 2022 |
| | Díobhálacha Pearsanta | Díobhálacha Pearsanta | | |
| **An líon cásanna** | 4 | 5 | 9 | 13 |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costais dlí dílse na Roinne | — | — | — | — |
| Íocaíochtaí ag an Roinn/thar a ceann | | | | |
| Cúiteamh | 125 | 140 | 265 | 87 |
| Costais dlí | 102 | 184 | 286 | 574 |
| Costais eile | 6 | — | 6 | 12 |
| **Iomlán 2023** | **233** | **324** | **557** | **673** |
| Iomlán 2022 | 150 | 523 | 673 | |

Nóta [a] Amhail an 31 Nollaig 2023, tá na héilimh seo a leanas fós le réiteach:
Cásanna dlíthíochta ginearálta 85 (2022: 87 cás)

[b] Amhail an 31 Nollaig 2023, chuir an roinn/oifig €13,106 san áireamh faoi Chreidiúnaithe eile dlite, arb é sin iomlán na gcostas dlí atá fós gan íoc atá dlite leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát.

**Costais charnacha na gcásanna a cuireadh i gcrích in 2023**

| | Éilimh ó | | |
|---|---|---|---|
| | fostaithe | baill den phobal | Iomlán |
| | Díobhálacha Pearsanta | Díobhálacha Pearsanta | |
| **An líon cásanna** | 4 | 5 | 9 |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costais dlí dílse na Roinne | — | — | — |
| Íocaíochtaí ag an Roinn/thar a ceann | | | |
| Cúiteamh | 125 | 140 | 265 |
| Costais dlí | 101 | 184 | 285 |
| Costais eile | 2 | 0 | 2 |
| **Iomlán** | **228** | **324** | **552** |

## 6.5 Costais eadrána agus idir-réitigh

Ní dhearnadh aon chaiteachas in 2023 (2022: €0.990 milliún) mar thoradh ar imeachtaí comhréitigh agus eadrána.

## 6.6 Tabhartais cabhrach bia

Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chláir Dhomhanda Bia (WFP) agus an Roinn, shínigh siad Comhaontú Comhpháirtíochta Straitéisí an Chláir Dhomhanda Bia-na hÉireann 2022-2024 i mí na Nollag 2021. Leis an gcomhaontú sin leagadh amach tacaíocht mhéadaithe do WFP i gcaitheamh na tréimhse sin, faoi réir leithreasaí buiséid bliantúla ó Dháil Éireann. Leis an gcomhaontú trí bliana leagadh amach íosmhéid €25 milliún de ranníocaíochtaí iltaobhacha in aghaidh na bliana, agus leithdháileadh €75 milliún ar a laghad don iomlán trí bliana faoin gcomhaontú.

Déantar an leithdháileadh sin mar thacaíocht leanúnach do chuspóirí straitéiseacha reatha an Chláir Dhomhanda Bia, is é sin:

- deireadh a chur leis an ocras, ach rochtain ar bhia a chosaint
- feabhas a chur ar an gcothú
- slándáil bia a bhaint amach
- tacú le cur chun feidhme na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFI)
- dul i gcomhpháirtíocht le haghaidh torthaí SFI.

Scríobh Stiúrthóir Feidhmiúcháin WFP chuig an Roinn le fiafraí an ndéanfadh Éire breithniú ar leithdháileadh 2024 a íoc amach go luath. D’aontaigh an Roinn íocaíocht luath €25 milliún a dhéanamh as leithdháileadh 2024. Rinneadh an íocaíocht sin i mí na Nollag 2023 agus tá an méid sin san áireamh sna réamhíocaíochtaí sa ráiteas ar an staid airgeadais. Leis an íocaíocht sin cuirtear deireadh le gealltanas maoinithe na Roinne do WFP faoi Chomhaontú Comhpháirtíochta Straitéisí 2022-2024.

Is í an Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta (EBT) an phríomhghníomhaireacht speisialaithe de chuid na Náisiún Aontaithe a stiúrann iarrachtaí idirnáisiúnta chun deireadh a chur leis an ocras ar fud an domhain; slándáil bia a bhaint amach do chách; agus a chinntiú go mbíonn rochtain rialta ag daoine ar a ndóthain bia ardchaighdeáin chun saol gníomhach sláintiúil a chaitheamh.

Le síntiúis agus ranníocaíochtaí deonacha breise le EBT, cuirtear ar chumas EBT oibriú i 130 tír chun córais inbhuanaithe talmhaíochta agus bhia a fhorbairt. B’ionann ranníocaíocht na hÉireann (RTBM) le EBT in 2023 agus €4.25 milliún (2022: €3.359 milliún).

## 6.7 Géilleadh iarchurtha

Le géilleadh iarchurtha cuimsítear coigiltis €45.600 milliún i gcaiteachas caipitiúil in 2023, faoi na fo-cheannteidil seo a leanas, a tugadh anonn go 2024.

| | | €000 |
|---|---|---|
| B.5 | Forbairt talmhaíochta agus bia | 22,400 |
| B.10 | Foraoiseacht agus bithfhuinneamh | 19,900 |
| B.13 | Bearta um Cháin Charbóin | 3,300 |
| | | **45,600** |

## 6.8 Calaois agus calaois amhrasta

| | Líon na gcásanna | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|---|
| Calaois amhrasta | 4 | 105 | 88 |

Fuair an Roinn amach faoi thrí chás calaoise amhrasta i gcaitheamh 2023 (2022: cúig cinn).

Baineann ceithre cinn de na cásanna calaoise amhrasta luaite sa tábla thuas le hiasachtaí ráthaithe Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (SBCI) (Scéim Iasachtaí Breatimeachta/ Scéim Oibre Caipitil Covid). Fuair iasachtaithe aon iasacht déag ar an iomlán ag baint úsáid as doiciméid aitheantais chalaoiseacha amhrasta agus/nó faisnéis airgeadais chalaoiseach. €1.21 milliún ba ea luach iomlán na n-iasachtaí. Dhearbhaigh SBCI nach raibh baint ag aon chliant RTBM/Agri leis an gcalaois amhrasta.

Baineann caillteanas €40,000 le RTBM mar gheall ar an gcineál roinnte maoinithe atá i gceist leis na hiasachtaí seo, 60:40 idir DETE agus RTBM.

## 6.9 Clár Díothaithe na hEitinne Bólachta

In 2023, b'ionann costas na scéime (gan costais tuarastail foirne a áireamh) agus €74.284 milliún.

B'ionann costas na ngnéithe cúitimh uile a íocadh le feirmeoirí agus €39.817 milliún. Cuimsítear leis sin an Scéim Luachála Margaidh Feirme, an Scéim Forlíonta Ioncaim, an Scéim Cruatain agus an Scéim Dídhaonraithe.

Anuas ar mhaoiniú ón státchiste, maoinítear costas an chláir trí thobhaigh ar ghalair bhólachta agus maoiniú AE. I leith chlár eitinne 2022, a íocadh in 2023, fuair Éire maoiniú €1.595 milliún ón AE. Thairis sin, b'ionann na fáltais ó thobhaigh ghalair agus €8.039 milliún in 2023.

## Nóta 7 Ciste na Rásaíochta Capall agus Con

Cuntas na bhfáltas agus na n-íocaíochtaí don bhliain dár chríoch an 31 Nollaig 2023.

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | — | — |
| Fáltais (fo-cheannteideal C.7) | 91,000 | 88,000 |
| Íocaíochtaí | | |
| Rásaíocht Capall Éireann | (72,800) | (70,400) |
| Rásaíocht Con Éireann | (18,200) | (17,600) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **—** | **—** |

Eisítear íocaíochtaí faoin gCiste do Rásaíocht Capall Éireann (HRI) agus Rásaíocht Con Éireann (RCÉ) (ar ar tugadh Bord na gCon roimhe seo) mar a fhoráiltear faoi alt 12 den Acht um Rásaíocht Capall agus Con, 2001 agus rialacháin ghaolmhara.

## Aguisín A — Tailte agus foirgnimh faoi úinéireacht an Stáit arna rialú nó arna mbainistiú ag an Roinn nach ndearnadh luachálacha maidir leo.

| Maoin | Achar Heicteáir |
|---|---|
| **Corcaigh** | |
| Saotharlann Tástála Fola, Bóthar na Modhfheirme | — |
| An tSaotharlann Réigiúnach Tréidliachta, Bóthar na Modhfheirme | 2.8 |
| Talamh neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún, Áth na gCeannaithe | 56.5 |
| Ceapach foraoise, Baile Átha hÚlla | 1.0 |
| Ceapach foraoise, Bealach Eabhra | 1.6 |
| Ceapach foraoise, Dún ar Aill | 1.1 |
| Ceapach foraoise, Dún Mánmhaí | 0.8 |
| Ceapach foraoise, Cill an Mhuilinn | 0.1 |
| Ceapach foraoise, Cill Ia | 7.0 |
| Ceapach foraoise, Cill Uird | 0.8 |
| Ceapach foraoise, Áth Trasna | 1.5 |
| Ceapacha foraoise, Bántír | 6.2 |
| Ceapach foraoise, Dúiche Ealla | 6.5 |
| Ceapacha foraoise, Cineál Aodha | 5.9 |
| Ceapacha foraoise, Ros Ó gCairbre | 11.0 |
| **Dún na nGall** | |
| Ionad Tástála Prátaí, Ráth Bhoth | 78.0 |
| Ceapach foraoise, Leitir Ceanainn | 0.2 |
| **Baile Átha Cliath** | |
| Ceapach foraoise, Coill an Chaoich | 0.7 |
| **Gaillimh** | |
| Tailte neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún | |
| Cúil Lú | 52.1 |
| Cill Chúile | 1.7 |
| Coill na Meille | 1.3 |
| Míleac Mór | 12.4 |
| Ros Mór | 3.2 |
| An Saighleán | 1.7 |
| Tailte, Coláiste Teagasc, Baile Átha an Rí | 14.0 |
| **Ciarraí** | |
| Tailte neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún | |
| Baile Uí Dhoinnléibhe | 284.6 |
| An Gleann Liath | 4.0 |
| Ceapach foraoise, Neidín | 0.2 |

| | |
|---|---|
| **Cill Dara** | |
| Cotáiste Steach Cuimne, Bacastún | — |
| Teach an Bhainisteora Feirme, Bacastún | — |
| Tailte, Bacastún | 150.0 |
| | |
| **Cill Chainnigh** | |
| Tailte, Coláiste Teagasc Chill an Dátúnaigh, Baile an Phoill | 18.0 |
| | |
| **Liatroim** | |
| Talamh neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún, Ros Beag | 79.0 |
| | |
| **Luimneach** | |
| An tSaotharlann Réigiúnach Tréidliachta, Luimneach | 1.2 |
| Ceapacha foraoise, Áth Dara | 3.0 |
| | |
| **Maigh Eo** | |
| Tailte neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún | |
| Baile Mhic Craith | 12.1 |
| Doire | 34.8 |
| Ceapach foraoise, Béal Easa | 3.0 |
| | |
| **Uíbh Fhailí** | |
| Tailte neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún | |
| Eanach Mór | 69.4 |
| Baile Uí Aogáin | 44.7 |
| An Cloichreán | 8.2 |
| Coill an Eanaigh | 0.4 |
| Ráth Lumar | 7.2 |
| Ceapach foraoise, Tulach Mhór | 2.5 |
| | |
| **Ros Comáin** | |
| Tailte neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún | |
| Baile na hAbhann/Béal Coille | 4.6 |
| Cluain Coille | 0.7 |
| Cluain Seanmhaoil | 22.4 |
| Cluain Fada | 2.9 |
| Cluain Maoile | 4.9 |
| Cluain na Coille | 4.4 |
| Cléithín | 0.6 |
| Cluain Ruacháin | 21.9 |
| An Tearmann Mór | 55.3 |
| An Tóin Riabhach | 10.8 |
| Cluain Seamhair | 18.4 |
| Cluain Rí | 25.7 |
| An Múr | 32.6 |
| Lios Ar gCúl | 5.3 |
| Ceapacha foraoise, Loch Cé | 16.0 |

**Sligeach**

| | |
|---|---|
| Talamh neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún, Cluain Chaoláin | 244.0 |
| Ceapach foraoise, Binn Ghulbain | 0.5 |

**Tiobraid Árann**

| | |
|---|---|
| Ceapach foraoise, An Chloichín | 1.3 |
| Ceapach foraoise, Cluain Meala | 3.2 |
| Ceapach foraoise, Crois na Rae | 0.5 |
| Ceapach foraoise, Cill Síoláin | 1.9 |

**An Iarmhí**

| | |
|---|---|
| Talamh neamhthalmhaíochta Choimisiún na Talún, Clonthread | 26.6 |
| Ceapach foraoise, Loch Ainninn | 14.5 |
| An Creagán Íochtarach | 0.5 |

**Loch Gorman**

| | |
|---|---|
| Ceapach foraoise, Fotharta | 4.8 |
| Ceapacha foraoise, Guaire | 11.1 |

**Cill Mhantáin**

| | |
|---|---|
| Ceapach foraoise, Shelton | 0.2 |
| Ceapach foraoise, An Abhainn Mhór | 1.0 |
| Ceapach foraoise, Áth na Sceire | 4.0 |
| Ceapach foraoise, Gleann Dá Loch | 7.6 |
| Ceapach foraoise, Teach Sagard | 1.4 |
| Ceapach foraoise, Gleann Ó Máil | 3.0 |

**Maoin ag cuanta iascaigh**

Ina theannta sin, tá talamh agus foirgnimh ag sé lárionad cuan iascaigh dílsithe don Aire. Tugtar cuntas ar leithligh iontu i gcuntas Chiste na Lárionad Cuan Iascaigh.